

Caibidil 7

An Straitéis Forbartha

Pobal

7.1 Réamhrá

Is téama ginearálta an Phlean Forbartha é pobail shláintiúla atá cuimsitheach ar bhonn sóisialta a chruthú. Tá roinnt dúshlán roimh an gContae, ach go háirithe na leibhéil neamh-inbhuanaithe chomaitéireachta ar an mbealach amach. Tá tionchair shuntasacha aige sin ar fhorbairt pobal agus saorálaíochas. Dírionn feidhmiú spásúil Straitéis Eacnamaíoch na Mí ar phobail a chónaíonn agus a oibríonn san áit a chruthú. Chun é sin a bhaint amach, cuirfear forbairt eacnamaíoch in éineacht le struchtúr pobail cuimsitheach agus éagsúil chun cinn. Dá bharr sin, ní hamháin go mbeidh daoine ábalta cur fúthu sa Chontae, ach beidh siad ábalta infheistíocht a dhéanamh, obair a dhéanamh agus foghlaim sa Mhí. Is ansin amháin a bheidh muintir na háite ábalta leas a bhaint as timpeallacht shaibhir chultúrtha agus nádúrtha an Chontae. Ní bhraitheann caighdeán na beatha atá ag pobal ar thithíocht, fostaíocht agus tacaíocht bhonneagair amháin, ach braitheann sé ar fheabhsú sóisialta agus pearsanta chomh maith.

Is bunriachtanas é tuiscint a fháil ar phróifíl dhéimeagrafach an Chontae má táthar chun straitéis a ullmhú a thabharfaidh aghaidh ar riachtanais pobal amach anseo. Ba ionann an mheánaois sa Chontae in 2016 agus 35.2 bliain (33.8 in 2011), i gcomparáid le 37.4 sa Stát (36.1 in 2011). Tá 83.4% den daonra sa Chontae faoi bhun 65 bliana d'aois. Cuirtear é sin i gcomparáid le meán de 79.6% le haghaidh an Stáit. Tá spleáchas linbh¹ sa Chontae ag an leibhéal is airde sa Stát agus 39% den daonra faoi bhun 14 i gcomparáid le meán de 32.3% le haghaidh an Stáit. Chuaigh seanspleáchas sa Chontae² i méid ó 13.5% i 2011 go 16.6% i 2016. Tá sin cuid mhór faoi bhun an fhiigiúir don Stát, áfach, agus é sin comhionann le 20.4%.

Mar achoimre, tá próifíl aoise an Chontae óg i gcomparáid leis an stát. Mar sin, tá riachtanais phráinneacha ann le haghaidh áiseanna cúraim leanaí agus oideachais, clóis súgartha srl. Mar an gcéanna le treochtaí daonra náisiúnta, tá daonra an Chontae ag dul in aois agus, dá bharr sin, beidh freagairtí ar leith ag teastáil chun a chinntiú go soláthraímid pobail aoisbháúla amach anseo. Beidh tionchar ag an bhfreagairt sin ar dhearadh tithíochta, soláthar áiseanna iompair agus pobail srl.

7.2 Comhthéacs Reachtúil

Leagtar amach in Alt 10(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, liosta cuspóirí éigeantacha atá le cur san áireamh i bPlean Forbartha. Baineann roinnt de na cuspóirí seo le bonneagar sóisialta ar bhealach díreach nó indíreach.

Leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, tugtar éifeacht reachtúil do na tograí i gcáipéis an Rialtais ó 2012, 'Tús Áite do Dhaoine - Plean Gníomhaíochta don Rialtas Áitiúil'. Chomh maith leis sin, déantar foráil leis do réimse athruithe ar eagraíocht agus obair na nÚdarás Áitiúil. Leis an Acht um Athchóiriú Rialtais, aithnítear an tábhacht a bhaineann le comhtháthú eacnamaíoch agus pobail agus éilítear ar Chomhairlí Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP) a ullmhú gach sé bliana.

¹ Daoine idir 0 -14 bliana d'aois (Foinse: Daonáireamh POS 2016)

² Daoine os cionn 65 bliain d'aois (Foinse: Daonáireamh POS 2016)

7.3 Comhthéacs Beartais

Fad a oibrítear i dtreo pobail inmharthana agus inbhuanaithe a chur ar bun, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil beartais agus tograí a thagann le chéile leis na beartais agus an treoir náisiúnta uileghabhálach maidir le forbairt shóisialta agus phobail mar bhonn ag an bPlean.

Creat Pleanála Náisiúnta (CPN)

Leagtar amach sa CPN, i gCaibidil 6 ‘Daoine, Tithe Cónaithe agus Pobail’, conas a imríonn lonnú, áit agus inrochtaineacht tionchar ar chaighdeán na beatha atá ag daoine.

Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE)

Tugann an SRSE aghaidh ar réimse leathan saincheisteanna, lena n-áirítear áiseanna oideachais, sláinte, spóirt agus pobail. Tá sé mar aidhm ag an SRSE aghaidh a thabhairt ar an mí-ailíniú sa Réigiún thar roinnt réimsí, lena n-áirítear soláthar scoileanna, áiseanna agus áiseanna atá oiriúnach do leanaí.

Is iad seo a leanas an treoir agus na beartais náisiúnta atá le cur san áireamh:

- Tús Áite do Dhaoine - Plean Gníomhaíochta don Rialtas Áitiúil Éifeachtach, 2012, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- Plean Feidhmithe na Straitéise Náisiúnta Míchumais 2013-2015, Grúpa Feidhmithe na Straitéise Náisiúnta Míchumais.
- Straitéis Náisiúnta na mBan 2007-2016, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
- Ag Tógáil do Chách: Cur Chuige Uilíoch Dearaidh, 2012, An tÚdarás Náisiúnta Míchumais.
- ‘Get Ireland Active’, An Plean Náisiúnta um Gníomhaíocht Choirp, 2016.
- Cairt do Thuath na hÉireann, 2016, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- Ár bPobail: Creat-Bheartas um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail in Éirinn, 2015, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn an chaibidil seo prionsabail uileghabhálacha na ndoiciméad beartais náisiúnta thuasluaite.

7.4 Coistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil agus Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail

Leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, éilíodh go gcuirfí ar bun Coistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ) i ngach Údarás Áitiúil. Cuireadh Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil na Mí ar bun in 2014 chun cur chuige céillí agus comhtháite i leith forbairt áitiúil agus phobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm. Cuireadh deireadh le Boird Forbartha Contae agus Cathrach (BFCanna) i mí an Mheithimh 2014 faoi Acht 2014. Den chuid is mó, tá gníomhaíocht forbartha áitiúla agus pobail a rinne ag Bord Forbartha Contae na Mí roimhe seo laistigh de chúraimí an CFPÁ anois. I measc na bpríomhfheidhmeanna atá ag CFPÁanna, déanann siad Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP) sé bliana do limistéar riaracháin an Údaráis Áitiúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus monatóireacht a dhéanamh air. Is cuid lárnach de PÁEP na Mí 2016-2021 é an tuiscint go dtacaíonn forbairt eacnamaíoch, áitiúil agus phobail go frithpháirteach lena chéile chun pobail inbhuanaithe ag

a bhfuil geilleagar áitiúil láidir a thógáil. Is é cuspóir an PÁEP, mar sin, cuspóirí a aithint agus gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm chun geilleagar agus pobail an Chontae a neartú agus a fhorbairt thar thréimhse sé bliana.

Tá an Plean bunaithe ar na luachanna seo a leanas agus déanann sé iarracht dul chun cinn a dhéanamh maidir leo:

- Pobal
- Forbairt phobail;
- Comhionannas agus Cearta Daonna;
- Inbhuanaitheacht
- Braistint Áite;
- Comhpháirtíocht.

Oibríonn an Plean Forbartha agus an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) sna réimsí céanna agus i réimsí a thacaíonn lena chéile, a bheag nó a mhór. Cuireann an PÁEP creatlach thacúil ar fáil le haghaidh fhorbairt eacnamaíochta agus pobail áitiúil na Mí, ach cuireann an Plean Forbartha Contae straitéis uileghabhálach agus tacaíocht reachtúil bheartais ar fáil le haghaidh phleanáil cheart agus forbairt inbhuanaitheach an Chontae ar an leibhéal spásúlachta. Dá bhrí sin, caithfidh beartais agus cuspóirí reachtúla an Phlean Forbartha Contae a bheith ag teacht le chéile go maith le haidhmeanna agus cuspóirí ardleibhéil an PÁEP.

Leagtar amach cúig aidhm sa PÁEP:

- Folláine na ndaoine agus pobal ar fad sa Chontae a chur chun cinn agus a chinntiú.
- Geilleagar iomaíoch dinimiciúil a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dó chun riachtanais agus mianta na ndaoine agus pobal sa Chontae a chomhlíonadh ar an mbealach is fearr.
- Teacht aniar na ndaoine agus pobal ar fad sa Chontae a thógáil agus a chumasú.
- Spreagadh a thabhairt agus cumhacht a thabhairt do gach duine agus pobal sa Chontae ionas go mbeidh siad faoi rath.
- Athnuachan leanúnach i gcomhlachtaí earnála poiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thugann aghaidh ar conas a chomhlíonann siad a sainordú agus a oibríonn siad le páirtithe leasmhara eile.

Léirítear na haidhmeanna thuas i mbeartais agus cuspóirí na caibidle seo. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an PÁEP chun a chinntiú go gcloífear leis an Straitéis Réigiúnach Spásuil agus Eaconamaíoch arna glacadh

7.4.1 Coistí Comhphóilíneachta

Cuireadh Coistí Comhphóilíneachta ar bun leis an Acht Garda Síochána, 2005, a bhfuil sé mar fheidhm acu *'a bheith ina bhfóram le haghaidh comhairliúcháin, cainteanna agus moltaí maidir le hábhair a théann i bhfeidhm ar phóilíneacht limistéar riaracháin an Údaráis Áitiúil'*.

Is sampla maith ar conas is féidir le cur chuige comhoibríoch idir Údarás Áitiúla, An Garda Síochána agus an earnáil pobail agus dheonach tacú le póilíneacht agus feabhas a chur ar shábháilteacht an phobail iad Coistí Comhphóilíneachta.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Choiste Chomhphóilíneachta, mar a luaitear in alt 36(2) d'Acht an Gharda Shíochána:

(a) Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

(i) Leibhéil agus patrúin na coiriúlachta, na hainrialach agus na hionpraíochta fhrithshóisialta sa limistéar (lena n-áirítear patrúin agus leibhéil mí-úsáide alcóil agus drugaí); agus

(ii) Na cúinsí is bunchúis agus a chuireann le leibhéil na coiriúlachta, na hainrialach agus na hionpraíochta fhrithshóisialta sa limistéar

Éilítear ar Choistí Comhphóilíneachta tabhairt faoina gcuid oibre ar bhealach straitéiseach ionas go gcinnteofar go nglacfar le cur chuige comhordaithe agus dírithe i leith aghaidh a thabhairt ar choiriúlacht, ainriail agus iompar fhrithshóisialta laistigh dá limistéir riaracháin. Dá réir sin, ní mór do Choistí Comhphóilíneachta plean straitéiseach sé bliana a fhorbairt, agus tuairisc a dhéanamh maidir lena bhfeidhmiú i dTuarascálacha Bliantúla chuig an Údarás Póilíneachta. Tá Coiste Comhphóilíneachta na Mí ag cur Straitéis Coiste Comhphóilíneachta 2015-2020 i bhfeidhm.

7.5 Fís le haghaidh Forbairt Pobal

Chun cur ar chumas ár bpobail dóthain acmhainní a bheith acu chun tacú le folláine eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil, an chruthaitheacht a bheith acu le go mbeidh siad faoi rath, agus an láidreacht a bheith acu le go mbeidh siad ábalta ag dúshláin. Dá réir sin, tacófar le geilleagar bríomhar, inbhuanaithe agus iomaíoch a chruthú, geilleagar atá bunaithe ar aidhmeanna comhchoiteanna agus comhoibriú idir na hearnálacha reachtúla, pobail, deonacha, comhshaoil agus príobháideacha.

7.6 Cuimsiú Sóisialta

Is é ceann d'aidhmeanna foriomlána an Phlean seo ná cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Tá go leor mínithe ar chuimsiú sóisialta. Ceann de na léamha is coitianta air is ea an léamh go bhféadfadh an tsochaí a chinntiú, trí ghníomhú ar bhealach gníomhach, go bhfuil an deis chéanna ag gach duine páirt a ghlacadh i, agus obair a dhéanamh ar son, saol an phobail – beag beann ar aois, cumas, náisiúntacht, creideamh nó aon ghné eile a dhéanann sochaí éagsúil. Mar sin, tá sé tábhachtach go ndéantar ár dtimpeallachtaí cónaithe, oibre agus taitneamhachta a dhearadh agus a choimeád ar bhealach atá inrochtana do chách.

Ag an leibhéil áitiúil, spreagann an Chomhairle agus cuireann sí chun cinn, lena Clár um Ghníomhachtú Pobail agus Cuimsiú Sóisialta 2018-2022 agus beartais thomhaiste, éiteas an chuimsithe shóisialta.

Is cuid lárnach de chuimsiú sóisialta a chur chun cinn sa Chontae iad na beartais agus cuspóirí sa Phlean Forbartha a mholann forbairt na bpobal inbhuanaithe ag a bhfuil réimse poiblí ar ardchaighdeán, rochtain ar thithe, áiseanna pobail agus iompar poiblí. Tá sé mar aidhm ag an bPlean chomh maith comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna i gcairt na Náisiún Aontaithe a chosaint. Tá an Chomhairle tiomanta go hiomlán do shochaí níos cuimsithí a chruthú agus chun rannpháirtíocht agus rochtain do chách a chur chun cinn.

7.6.1 Rannpháirtíocht an Phobail

D'imir an earnáil phobail agus dheonach ról suntasach agus dearfach i gcónaí i bhforbairt phobail sa Chontae a chur chun cinn. Tugadh isteach Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (LRP) ar fud na hÉireann mar chuid d'athchóiriú ar Rialtas Áitiúil. Is é LRP na Mí an nasc lena gceanglaíonn an Chomhairle le agus lena ndéanann siad teagmháil leis na hearnálacha pobail, deonacha, cuimsithe sóisialta agus comhshaoil ar fud na tíre, le haghaidh comhairliúcháin a dhéanamh agus eolas a roinnt. Cuireann an LRP ar chumas an phobail ról gníomhach a ghlacadh chun tionchar a imirt ar phleananna agus beartais na Comhairle. Is féidir le gach grúpa pobail agus deonach sa Chontae ballraíocht a ghlacadh sa LRP. Faoi láthair, tá os cionn 550 grúpa ballraíochta ann ó na hearnálacha pobail agus deonacha, cuimsithe sóisialta agus comhshaoil sa chontae. (2017)

Spreagann PÁEP, an CPN agus an SRSE rannpháirtíocht an phobail agus déanann siad iarracht na huirlisí agus acmhainní riachtanacha a thabhairt do phobail áitiúla chun go mbeidh siad ábalta fadhbanna a réiteach, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus rath a bheith orthu.

Is sampla amháin ar rannpháirtíocht ghníomhach phobail é an Tionscnamh Mhórtas Ceantair ina n-oibríonn pobail i gcomhar leis an gComhairle chun deachleachtas, nuálaíocht agus ceannaireacht a spreagadh ó thaobh pobail inbhuanaithe bhríomhara a chur ar fáil a chuireann feabhas ar chaighdeán na beatha atá ag gach duine. Déantar é sin le feabhsuithe comhshaoil ar bhailte agus sráidbhailte.

7.6.2 Pobail Éagsúla agus Chuimsitheacha

Tá roinnt grúpaí ann a meastar go bhfuil riachtanais áirithe phleanála agus deartha acu. Áirítear leis sin leanaí, daoine óga, agus daoine a bhfuil míchumas nó breoiteacht orthu, teaghlaigh óga aontuismitheora, daoine aosta, an lucht siúil agus daoine i ngrúpaí mionlaigh eitnigh. Is beartas na Comhairle é glacadh leis gur cheart go mbeadh rochtain ag daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu ar thimpeallacht chúil mhaireachtála agus go dtacaíonn an Chomhairle le soláthar áiseanna do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.

7.6.2.1 Leanaí agus Daoine Óga

Tháinig laghdú ar an ráta breithe sa Chontae ó 3,527 i nDaonáireamh 2011 go dtí 2,805 in 2016. Tháinig laghdú 10.1% ar líon na ndaltaí i réamhscoileanna sa tréimhse sin.³ Ach tháinig méadú 14.4% ar líon na ndaltaí i mbunscoileanna, go dtí 27,198, arb ionann é sin agus an dara méadú is mó sa tír. Tháinig méadú suntasach de 18.1% ar líon na ndaltaí meánscoile sa Chontae, arb ionann é sin agus an dara méadú is mó sa tír chomh maith. De réir na dtáifead, bhí an meánlíon ab airde leanaí in aghaidh teaglaigh sa tír ag an gContae in 2016. Bhí 1.51 leanbh in aghaidh an teaghlaigh ar an meán. Beidh tionchair ag na figiúirí sin ar chinnteoireacht maidir le riachtanais ar áiseanna faoi láthair agus amach anseo, cosúil le háiseanna cúraim leanaí, limistéir súgartha, áiseanna spóirt, scoileanna, ionaid sláinte srl sa Chontae.

De réir Dhaonáireamh 2016, tháinig méadú ar amanna comaitéireachta i ngach contae, agus bhí na hamanna comaitéireachta sa Mhí ar cheann de na hamanna ab airde sa tír, ag beagnach 35 nóiméad. Mhair an t-am comaitéireachta os cionn uair amháin i gcás duine amháin as gach cúig thuismitheoir de leanbh idir 0-4 bliana dáois sa Chontae. Tá tionchar mór aige sin ar chaighdeán na beatha, rannpháirtíocht phobail, saorálaíochas, agus forbairt phobail sa Chontae.

³ Foinse: Daonáireamh 2016

Tugann an Coiste um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga na Mí (CSLDÓ) na príomhsholáthraithe reachtúla, pobail agus deonacha seirbhísí do leanaí agus daoine óga sa Chontae le chéile. Cuireann siad fóram ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí a phleanáil agus a chomhordú i gcomhar lena chéile chun a chinntiú go bhfaigheann leanaí, daoine óga agus a dteaghlaigh seirbhísí níos fearr agus inrochtana. Is ball den Choiste CSLDÓ í an Chomhairle agus oibríonn sí go dlúth le gníomhaireachtaí eile chun bearta a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do riachtanais leanaí agus daoine óga.

Cuireann Comhairle na nÓg sa Mhí fóram ar fáil do dhaoine óga (idir 12-18 mbliana d'aois) sa Chontae plé a dhéanamh ar cheisteanna áitiúla agus náisiúnta a bhaineann leo. Aithnítear Comhairle na nÓg mar an struchtúr oifigiúil le haghaidh rannpháirtíochta do dhaoine óga maidir le beartais agus seirbhísí a fhorbairt. Déantar ionadaíocht ar Chomhairle na nÓg sa Mhí ag roinnt bord go háitiúil agus Dáil na nÓg ag an leibhéal náisiúnta, agus tá sé faoi stiúir na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óga.

7.6.2.2 Daoine Aosta

Cé gur tháinig méadú 5.9% ar dhaonra na Mí, ó 184,135 in 2011 go dtí 195,044 in 2016, tháinig méadú 27.4% ar líon na ndaoine 65 bliain d'aois nó os a chionn, ar ceann de na méaduithe is mó sa tír é sin. Cuireann an t-athrú déimeagrafach agus aosú dhaonra an Chontae dúshlán mhóra romhainn ó thaobh beartais shóisialta fhreagrúla a fhorbairt. Is príomhdhoiciméad beartais é an Tionscnamh 'Aoisbhá Éireann' a chuireann ceannaireacht agus treoir ar fáil maidir leis na riachtanais agus deiseanna a bhaineann le daonra atá ag dul in aois a aithint, agus tá an tionscnamh leabaithe anois sa chóras rialtais áitiúil. Tá an Chomhairle tiomanta don tionscnamh seo, agus leagtar amach i Straitéis Contae Aoisbháúil na Mí 2017-2020, arb í an straitéis reatha í, gealltanais atá dírithe ar réitigh chun feabhas a chur ar na príomhréimsí de bhonneagar, iompar, seirbhísí agus faisnéis. Cuireann an straitéis freagairt fhoriomlán ar fáil ar na fadhbanna atá ag an ngrúpa seo ar fud an Chontae. D'óstáil an Chomhairle an Clár Náisiúnta Aoisbhá Éireann (2018).

Mar gheall ar an gcaidramh leis an tionscnamh Aoisbhá Éireann, déanfaidh an Mhí iarracht na torthaí seo a leanas a bhaint amach ar mhaithe le muintir an chontae:

- Áit iontach le cónaí, oibriú agus dul in aois ann.
- A chinntiú go bhfuil seirbhísí criticiúla inrochtana agus tráthúil, agus go soláthraítear iad ar bhealach atá cost-éifeachtúil agus éifeachtach.
- Foirgnimh phoiblí, siopaí agus seirbhísí a bheith ann ar féidir rochtain a fháil orthu go héasca.
- Tuairimí daoine aosta a chur san áireamh i bpróisis shuntasacha chinnteoireachta.
- Dearcadh dearfach i leith aosaithe a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí diúltacha faoi dhaoine aosta.
- Deiseanna a chruthú do dhaoine aosta páirt a ghlacadh go sóisialta ina gContae, mar fhostaithe agus saorálaithe.

D'ainmnigh Comhaontas Aoisbhá Baile Átha Troim le bheith ina Bhaile Aoisbháúil in 2013. Ainmníodh Ceanannas le bheith ina Bhaile Ghnóthaí Aoisbháúla in 2013. Mar chuid de sin, thug roinnt gnóthaí faoi fheabhsuithe aoisbháúla ar a bhfoirgnimh chun feabhas a chur ar an eispéaras ginearálta do chuirteoirí ar daoine aosta iad. Cuireadh Eolaire Gnóthaí Aoisbháúla Cheannais le chéile agus scaipeadh é, eolaire inar aithníodh gnóthaí a thoiligh le páirt a ghlacadh agus cad a chuireann siad ar fáil don Duine Aosta. Tá sé beartaithe síneadh a chur le tionscnaimh aoisbháúla ar fud an Chontae, lena n-áirítear suirbhéanna 'insiúltachta' chun srianta gluaiseachta féideartha agus réitigh aoisbháúla a aithint.

Is féidir pobail chuimsitheacha agus spásanna aoisbháúla a chruthú le ríocht phoiblí ar ardchaighdeán. Má tá an ríocht phoiblí mealltach agus inrochtana, is féidir le daoine aosta, agus daoine de gach aois fiú, sult a bhaint as saol níos gníomhaí agus níos ceangailte. D'fhéadfadh athruithe praiticiúla agus smaointeoireacht deartha faoi threoir prionsabail aoisbháúla timpeallachtaí a chruthú ina gcuirtear rochtain níos fearr ar fáil do chách. Is mór an difríocht a dhéanann dearadh agus cothabháil na ríochta poiblí ó thaobh na slí maireachtála de. Gan an dearadh agus cothabháil cheart, bíonn slíte maireachtála níos teoranta ó thaobh gluaiseachta de agus leibhéal níos airde leithlisithe sóisialta ann in áit slí mhaireachtála ghníomhach agus shláintiúil. Aithníonn an Chomhairle go hiomlán an cúnamh a thugann cur chuige aoisbháúil, ó thaobh na ríochta poiblí a dhearadh de, do chaighdeán na beatha atá ag daoine aosta.

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an ríocht phoiblí, féach Caibidil 11 Caighdeáin Bainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún.

Is príomhréimse feidhme beartais sóisialta í tithíocht, agus ní mór athrú a dhéanamh uirthi chun riachtanais na ndaoine aosta a chomhlíonadh. Tacaíonn an CPN le beartas náisiúnta chun cúnamh a thabhairt do dhaoine aosta ionas go mbeidh dínit acu agus go mairfidh siad go neamhspleách ina dtithe agus pobail féin chomh fada agus is féidir. Ach go háirithe, tarraingíonn sé aird ar an ngá le forbairt solúbtha inlíontach agus athfhorbraíochta atá deartha go maith gar do sheirbhísí agus áiseanna atá ann, a dtacaítear leis ag dearadh uilíoch agus áiseanna uirbeacha níos fearr.

Is beartas na Comhairle é gur cheart tograí le haghaidh cóiríochta do dhaoine aosta a lonnú i limistéir chónaitheacha atá ann a bhfuil soláthar maith bonneagair agus áiseanna sóisialta acu, cosúil le gréasáin cosán, iompar poiblí (más féidir) agus áiseanna agus seirbhísí áitiúla, chun cúram níos fearr sa phobal, neamhspleáchas agus rochtain a chumasú agus chun a chinntiú nach bhfuil cónaitheoirí ar leithlis. D'fhonn tithíocht oiriúnach a chur ar fáil do dhaoine aosta ar fud an Chontae, leanfaidh an Chomhairle de bheith ag obair go dlúth le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí tithíochta eile a bhfuil páirt acu i soláthar tithíochta do dhaoine aosta agus/nó cóiríocht maireachtála cuidithe.

Leagtar amach sna Caighdeáin Náisiúnta um Láithreacha Cúraim Chónaithe do Dhaoine Scothaosta in Éirinn, 2009, na caighdeáin le haghaidh áiseanna cúraim a sholáthar do dhaoine aosta maidir le dearadh agus leagan amach na timpeallachta inmheánaí agus seachtraí.

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach le do thoil Caibidil 11 Caighdeáin Bainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún.

I gcomhréir le riachtanais an CPN, (go sonrach Cuspóir Beartais Náisiúnta 30), cuirtear faisnéise agus anailís ábhartha san áireamh i gCaibidil 2 Croístraitéis ó thaobh riachtanais chóiríochta an déimeagrafaigh sin de.

7.6.2.3 Daoine faoi Mhíchumas

Bíonn bacainní fisiceacha ar rochtain agus gluaiseacht roimh dhaoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil mallachar gluaiseachta orthu, ní hamháin i bhfoirgnimh ach ar chosáin, ar an tsráid, i spásanna oscailte srl. Spreagfaidh an Chomhairle comhtháthú cóiríochta laistigh de mheascán cineálacha tithe cónaithe agus rochtain do dhaoine faoi mhíchumas d'fhonn bacainní ar rannpháirtíocht sa phobal agus gníomhaíochtaí fostaíochta a bhaint. I gcás gach togra forbartha, tabharfar aird ar fhorálacha an doiciméid de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais, 'Ag Tógáil do

Chách: Cur Chuige Uilíoch Dearaidh – Pleanáil agus Beartas’ (2012) chun a chinntiú go bhfuil gach úsáideoir na forbartha ábalta rochtain a fháil ar an bhforbairt agus bogadh tríthi.

7.6.2.4 An Lucht Siúil

I gclár na Mí maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil 2014 -2018, rinneadh measúnú ar an ngá le cóiríocht don Lucht Siúil sa Chontae agus leagtar amach beartas na Comhairle maidir le cóiríocht den chineál sin a chur ar fáil. De réir Dhaonáireamh 2016, bhí 971 duine den Lucht Siúil ina gcónaí sa Mhí. Leanfaidh an Chomhairle, de réir mar is gá, dá clár cóiríochta don Lucht Siúil a uasghrádú agus cuirfidh sí úsáid seirbhísí príomhshrutha poiblí chun cinn, seirbhísí atá inrochtana, ábhartha agus fáiltiúil chun cur ar chumas an Lucht Siúil imeascadh go hiomlán agus páirt a ghlacadh sa tsochaí i gcoitinne.

7.6.2.5 Imirce agus Éagsúlacht

Tá Contae na Mí ag éirí níos éagsúla. De réir Dhaonáireamh 2016, is ionann céatadán na ndaoine nach náisiúnach Éireannach iad agus 10.1% de dhaonra an Chontae, i gcomparáid le 11.6% ag an leibhéal náisiúnta. Tá daonra níos éagsúla ó thaobh cultúr agus grúpaí eitneacha de i gceantair áirithe sa Chontae ná mar atá i gceantair eile. Ba cheart go léireodh soláthar seirbhíse agus áiseanna pobail sna ceantair riachtanais éagsúla an phobail.

Oibríonn Cultúr, ar eagraíocht phobail é, le mionlaigh eitneacha sa Chontae, lena n-áirítear inimircigh, oibríthe imirceacha, iarrthóirí tearmainn agus dídeanaithe. Tá sé mar aidhm ag Plean Straitéiseach Chultúr 2015-2018 cumhachtú, rannpháirtíocht, féinchinntiúchán agus cearta mionlach eitneach, a bhfuil fadhbanna acu ó thaobh bochtaineachta, eisiámh sóisialta nó ciníochais nó atá i mbaol na bhfadhbanna sin, a chur chun cinn.

Is próiseas dinimiciúil, ilghnéitheach agus fadtéarmach é imeascadh imirceach a bhfuil sé mar aidhm aige glacadh frithpháirteach idir inimircigh agus daoine dúchasacha a bhaint amach. Bíonn páirt ag imircigh, institiúidí Rialtais Áitiúil agus an pobal áitiúil sa phróiseas imeasctha imirceach, agus bíonn tionchar ag an bpróiseas ar na grúpaí sin. Faoi láthair, tá Comhairle Contae na Mí agus Comhairle Contae Lú ag ullmhú Comhstraitéis um Imeascadh Imirceach, 2019-2022. Léireoidh an straitéis sin An Straitéis Náisiúnta um Imeascadh Imirceach, Cuspóirí Beartais Náisiúnta agus Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail na Mí agus Lú. Cinnteoidh an straitéis go leanfar ar aghaidh le saincheisteanna imeasctha a léiriú i ndoiciméid beartais straitéiseacha.

Díríonn an straitéis ar roinnt cuspóirí téamacha, mar seo a leanas:

- Fostaíocht agus Gníomhaíocht Gheilleagrach;
- Oideachas agus Oiliúint;
- Rannpháirtíocht ghníomhach chathrach agus shibhialta;
- Cuimsiú sóisialta - caidreamh a bhunú agus idirghníomhú le soláthraithe seirbhíse, cultúr agus féiniúlacht a léiriú agus aghaidh a thabhairt ar idirdhealú.

7.7 Bonneagar Sóisialta

Is cuid riachtanach de gach pobal é bonneagar sóisialta. D’fhéadfadh áiseanna cosúil le hionaid phobail, ionaid spóirt, leabharlanna agus clóis súgartha a bheith ina gcroílár do na pobail ar a bhfreastalaíonn siad, agus cuireann siad ionaid ar fáil le haghaidh imeachtaí áitiúla spóirt, cultúir, pobail, oideachais agus sóisialta. Aithníonn an Chomhairle gur príomhghné de phobail inbhuanaithe shláintúla a fhorbairt ar fud an Chontae é áiseanna pobail ar ardchaighdeán a chur ar fáil i gceantair

atá ann agus a bheidh ann. Tá líon mór gníomhaireachtaí deonacha agus tionscnaimh phobail ann a leanann de ról lárnach a imirt ó thaobh réimse leathan bonneagair áitiúil sóisialta a chur ar fáil.

Leagann na Treoirlínte maidir le Forbairt Inbhuanaithe Chónaitheach i gCeantair Uirbeach (2009) béim ar an ngá le tithe a chomhtháthú le soláthar an bhonneagair thacaíochta shóisialta agus phobail. Aithnítear sna Treoirlínte gur cheart áiseanna pobail a lonnú laistigh d'ionaid comharsanachta, nó gar dóibh, agus go mbeadh seirbhísí iompair phoiblí maithe ag dul ann.

Bíonn leibhéil éagsúla soláthair seirbhíse oiriúnach do lonnaíochtaí de mhéideanna éagsúla. Mar sin, tá sé tábhachtach go gcinntíonn an Chomhairle go bhfuil réimse cuí áiseanna pobail ar fáil i ngach pobal, agus próifíl an daonra agus spriocanna fáis a aithníodh sa Chroístraitéis á gcur san áireamh.

7.7.1 Moil Phobail

Agus áiseanna nua á ndearadh, tá sé riachtanach a chinntiú gur féidir iad a athrú in imeacht ama chun riachtanais athraitheacha an daonra a shásamh agus chun an cumas a bhaineann le dé-úsáid a bhaint as na háiseanna le linn tráthnónta/ag an deireadh seachtaine/saoire scoile a uasmhéadú. Agus scrúdú á dhéanamh ar thograí forbartha, d'fhéadfadh an tÚdarás Pleanála tairbhí don phobal, i bhfoirm áiseanna pobail, a chur san áireamh. Sa chás go bhfuil áiseanna nua sóisialta agus pobail á n-iarfheistiú i gcomharsanachtaí seanbhunaithe, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ar áiseanna cónaithe agus ar bhrú méadaithe ar spásann páirceála theoranta ar an tsráid ar bhealach íogair. Chomh maith leis sin, tacóidh an Chomhairle le feabhsuithe ar agus/nó athfhorbairt ar áiseanna pobail reatha ar fud an Chontae, de réir mar is cuí. Ba cheart, mar chuid d'aon togra den chineál sin, aird a thabhairt ar na forálacha a leagtar amach thuas agus an treoir ar fad a chuirtear ar fáil i gCaibidil 11 Caighdeáin Bainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún.

7.7.2 Measúnuithe Bonneagair Shóisialta

Mar thoradh ar a thapa is a d'fhás an daonra i gContae na Mí le blianta fada anuas, tá dúshlán ann ó thaobh áiseanna a sholáthar a chuireann le forbairt pobal. Tá sé mar aidhm ag Straitéis Sláinte na Mí⁴ 2019-2021 go bhfuil sláinte mhaith choirp agus meabhairshláinte mhaith ag gach duine. Is cuid den straitéis fhoriomlán é rochtain ar áiseanna oiriúnacha. Tá sé riachtanach go gcuirtear dóthain áiseanna pobail oiriúnacha ar fáil in éineacht le forbairt nua sna ceantair a aithnítear mar cheantair tosaíochta le haghaidh forbartha sa Chroístraitéis, más féidir.

Mar sin, éilíonn an Chomhairle go gcuireann an forbróir Measúnú ar Bhonneagar Sóisialta (MBS), a dhéanann an forbróir féin, isteach in éineacht le hiarratais phleanála le haghaidh forbairtí ilithe (is é sin forbairtí ina bhfuil 50 aonad cónaithe nó os a chionn). Tugtar faoin measúnú sin chun a shocrú an bhfuil dóthain áiseanna sa cheantar chun freastal ar riachtanais na gcónaitheoirí amach anseo agus, má aithnítear easpaí, beidh moltaí ag teastáil chun an easpa a chur i gceart (trí sholáthar díreach nó ranníocaíochtaí forbartha), sin nó srian cuí a chur leis an bhforbairt nó an fhorbairt a dhéanamh ina céimeanna de réir acmhainn na seirbhísí atá ann nó atá pleanáilte. Ba cheart áiseanna ballraíochta agus neamh-bhallraíochta a aithint sa mheasúnú a ligean do gach grúpa

⁴ Comhthionscnamh idir an Coiste Áitiúil Pobail agus Forbartha agus Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí.

rochtain a fháil orthu. Má mheastar go bhfuil áiseanna ag teastáil, déanfaidh an tÚdarás Pleanála cineál na háise a shocrú tríd an bpróiseas Bainistíochta Forbartha.

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach le do thoil Caibidil 11 Caihdeáin Bainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún.

Is é beartas na Comhairle:

BEA SÓIS 1	Soláthar na gculpóirí agus na ngníomhartha a leagtar amach i bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail na Mí 2016-2021 a chur chun cinn agus a éascú. (nó aon phlean a thagann ina áit ina dhiaidh sin).
BEA SÓIS 2	Tacú le soláthar agus dáileadh réimse áiseanna bonneagair pobail i gcomhréir leis an Straitéis Lonnaíochta agus an Chroístraitéis chun riachtanais mhuintir an Chontae a chomhlíonadh i gcomhar le grúpaí eile reachtúla, deonacha agus pobail agus grúpaí ón earnáil phoiblí.
BEA SÓIS 3	A chinntiú, más féidir, go lonnófaí saoráidí pobail, saoráidí áineasa agus saoráidí spáis oscailte i ngrúpaí, agus go lonnófaí saoráidí pobail in ionaid áitiúla nó in éineacht le saoráidí scoile de réir mar is cuí. Ba cheart áiseanna pobail a lonnú cóngarach do nó faoi fhad siúil de thithíocht, go mbeadh rochtain ag gach cuid den phobal orthu agus feidhmeanna ilúsáide a éascú leis an dearadh agus an leagan amach.
BEA SÓIS 4	Iarracht a dhéanamh soláthar éifeachtúil agus tráthúil na n-áiseanna pobail a chinntiú atá ag teacht le chéile le riachtanais na gcónaitheoirí agus chun tacú le soláthar na n-áiseanna den chineál sin.
BEA SÓIS 5	Mar chuid de gach forbairt nua mhór chónaitheach agus tráchtála, agus i bhforbairtí atá ann, más cuí, éileamh a dhéanamh go ndéantar soláthar le haghaidh áiseanna lena n-áirítear siopaí áitiúla/comharsanachta, áiseanna cúraim leanaí, scoileanna agus áiseanna áineasa, agus iarracht a dhéanamh iad a sholáthar ag an am céanna le forbairt.
BEA SÓIS 6	Éileamh a dhéanamh go gcuirtear Measúnú ar Bhonneagar Sóisialta (MBS) isteach in éineacht le gach iarratas pleanála nua le haghaidh forbairtí ina bhfuil 50 aonad nó os a chionn ar thalamh criosaithe chun a shocrú an bhfuil dóthain áiseanna sóisialta agus pobail sa cheantar chun freastal ar riachtanais na gcónaitheoirí. Ba cheart go mbeadh sonraí maidir leis na háiseanna riachtanacha seo a leanas ann: Clóis súgartha, páirceanna agus spáis ghlasa eile, áiseanna oideachais, áiseanna cúram leanaí, áiseanna sláinte agus áiseanna eile cosúil le siopaí, bainc, oifigí poist, seomraí/ionaid cruinnithe pobail agus áiseanna fóillíochta. Ba cheart áiseanna ballraíochta agus neamh-bhallraíochta a aithint sa mheasúnú a ligeann do gach grúpa rochtain a fháil orthu. Má aithnítear easpaí, beidh gá le tograí le dul in éineacht leis an iarratas pleanála chun aghaidh a thabhairt ar an easpa. (Le haghaidh tuilleadh eolais, féach Caibidil 11 Caihdeáin Bainistíochta Forbartha).
BEA SÓIS 7	Cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus a spreagadh trí rochtain uilíoch ar sheirbhísí agus áiseanna agus uasghrádú áiseanna pobail a spreagadh.

BEA SÓIS 8	Leanúint d'áiseanna cúraim do dhaoine aosta a chur ar fáil, cosúil lena dtithe féin (deartha chun riachtanais daoine aosta a chomhlíonadh), scáth-thithe, áiseanna cúraim lae, tithe altranais agus aonaid cúraim speisialaithe ag áiteanna cuí ar fud an Chontae.
BEA SÓIS 9	Inoiriúnaitheacht agus solúbthacht i ndearadh tithe agus áiseanna pobail a chur ar fáil agus a chur chun cinn.
BEA SÓIS 10	Éileamh a dhéanamh go gcloíonn na háiseanna cúraim cónaithe ar fad do dhaoine aosta leis na caighdeáin ábhartha ar fad a leagtar amach sa doiciméad 'Caighdeáin Náisiúnta um Láithreacha Cúraim Chónaithe do Dhaoine Scothaosta in Éirinn', a d'fhoilsigh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (Feabhra 2009), nó na caighdeáin ábhartha in aon treoirlínte náisiúnta ina dhiaidh sin.
BEA SÓIS 11	Tacú le Straitéis Aoisbhá Chontae na Mí, 2017-2020 (nó an straitéis a thagann ina áit) a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na gníomhaireachtaí agus údaráis ábhartha.
BEA SÓIS 12	Tacú le Straitéis Comhphóilíneachta Chontae na Mí, 2015-2020 (nó an straitéis a thagann ina áit) a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na gníomhaireachtaí agus údaráis ábhartha.
BEA SÓIS 13	A chinntiú go bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar gach foirgneamh, spásanna poiblí agus oscailte, limistéir fóillíochta agus áineasa, agus aird á tabhairt ar na Rialacháin Foirgníochta, na cuspóirí sa doiciméad 'Ag Tógáil do Chách' (An tÚdarás Náisiúnta Míchumais) agus 'Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas' (Uimh. 1 de 3) (an Bord Náisiúnta Athshlánúcháin).
BEA SÓIS 14	Tacú leis an gComhstraitéis Imeachtha Imirceach, 2019-2022 (nó an straitéis a thagann ina áit) a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na gníomhaireachtaí agus údaráis ábhartha.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS SÓIS 1	Tacú le hionaid acmhainne agus phobail agus clubanna óige/caiféanna agus áiseanna eile do dhaoine óga trí láithreáin in áiteanna cuí a aithint agus a chaomhnú, lena n-áirítear láithreáin i mbunachair talún de chuid na nÚdarás Áitiúil agus trí thacaíocht a thabhairt maidir le hairgeadas a chur ar fáil, más féidir.
CUS SÓIS 2	Soláthar aonad tithíochta inoiriúnaithe saoil a chur chun cinn agus cabhrú leis sin chun riachtanais gach baill den phobal a chomhlíonadh agus an t-athrú aeráide á chur san áireamh.
CUS SÓIS 3	Éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt agus feabhsú na n-áiseanna nua agus reatha cónaithe agus cúraim lae ar fud an Chontae.

7.7.3 Áiseanna Oideachais

Aithnítear i Straitéis Forbartha Geilleagraí do Chontae na Mí 2014-2022 go sáraíonn an leibhéal gnóthachtála oideachais i measc comaitéirí ar an mbealach amach sa Chontae an meánleibhéal don Chontae. Tá na scileanna sin ar cheann de na príomhbhuntaistí atá ag an gContae ó thaobh forbairt gheilleagrach a mhealladh. Taobh amuigh den ghrúpa sin, tá gnóthachtáil oideachais measartha íseal nuair a chuirtear i gcomparáid leis an meán náisiúnta é. Mar sin, is príomhriachtanas é go mbeidh rochtain ag gach duine sa Chontae ar áiseanna oideachas ar caighdeán maith chun fás leanúnach gheilleagar an Chontae a spreagadh. Tá ról tábhachtach le himirt ag áiseanna oideachais inár n-ionaid bhaile a choimeád ag imeacht agus i bpobail inbhuanaithe agus chothroma a fhorbairt. Is é foirgnimh thábhachtacha phoiblí sa Chontae iad na háiseanna sin. Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna freagrach as áiseanna oideachais agus seirbhísí a sholáthar. Oibríonn an Chomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ar bhonn leanúnach chun riachtanais oideachais a aithint agus impleachtaí spásúlachta atá acu de réir mar a thagann siad chun cinn. Faoi Mheabhrán Tuisceana a chomhaontaítear ag an leibhéal náisiúnta, oibríonn an Chomhairle ar bhealach réamhghníomhach chun suíomhanna do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna nua a aithint agus a fháil i gcomhar leis an Roinn.

Tá 114 bunscoil sa Chontae (2016). Ar an iomlán, bhí 26,320 dalta ag freastal ar Bhunscoileanna na Mí in 2015-2016. Tá 22 iarbhunscoil sa Chontae ar a bhfreastalaíonn 14,443 dalta (2016).

7.7.3.1 Riachtanais Bhreise Oideachais Bunscoile agus Iarbhunscoile

Cuirtear treoirlínte ar fáil maidir le réamhaisnéisiú i leith pleanáil scoileanna ag an leibhéal náisiúnta amach anseo sa chód cleachtais a d'fhoilsigh an RCORÁ agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta in 2008 in éineacht lena chéile, 'Cód Cleachtais maidir le Soláthar Scoileanna agus an Córas Pleanála'.

D'aithin an Roinn Oideachais agus Scileanna gur dócha go mbeidh áiseanna scoile breise ag teastáil sna ceantair seo a leanas nó go gcaithfear suíomhanna a choinneáil siar le linn thréimhse an phlean:

- Bunscoil nua i gCill Dhéagláin, An Uaimh, Dún Búinne, Dún Seachlainn agus Ráth Tó.
- Iarbhunscoil nua i bPurláin Dhroichead Átha, Cill Dhéagláin, An Uaimh, Dún Búinne, An Bóthar Buí agus Ráth Tó.

Anuas air na háiteanna thuas, déantar soláthar sa Phlean d'áiseanna oideachais amach anseo trí shuíomhanna féideartha nua / suíomhanna chun spás a dhéanamh do mhéaduithe féideartha amach anseo / athlonnú áiseanna atá ann a aithint agus a choinneáil siar. Agus suíomhanna á n-aithint, ní mór plé a dhéanamh ar sholáthar cúraim leanaí a chomhlonnú agus ar an úsáid a d'fhéadfadh an pobal i gcoitinne a bhaint as áiseanna scoileanna taobh amuigh d'uaireanta scoile agus le linn saoire scoile. Déanfar soláthar sscoileanna amach anseo, i gceantair nua fáis go sonrach, a phleanáil agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le forbairt chónaitheach. Tá próifíl aoise an Chontae thar a bheith ábhartha agus is dócha go mbeidh soláthar breise scoileanna ag teastáil le linn thréimhse an phlean.

Anuas ar fhorbairt scoileanna nua, tacóidh an Chomhairle le forbairt chuí agus/nó athfhorbairt scoileanna atá ann laistigh den Chontae a chuirfidh feabhas ar áiseanna atá ann, áiseanna spóirt san áireamh, ar an láthair. Ba cheart go dtabharfadh gach iarratas pleanála le haghaidh forbairtí scoile aird ar aon riachtanas a leagann an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ar na critéir chaighdeánacha pleanála (Féach Caibidil 11 Caighdeán Bainistíochta Forbartha).

Cé nach gcinntítear go gcuirfear áiseanna riachtanacha oideachais ar fáil go tráthúil trí shuíomhanna a choinneáil siar, leanfaidh an Chomhairle d'oibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) agus páirtithe leasmhara eile chun tacú, más féidir, le háiseanna oideachais oiriúnacha a fhorbairt.

7.7.3.2 Oideachas Tríú Leibhéal agus Breisoideachas

Aithníonn an Chomhairle an ról tábhachtach atá ag ardoideachas i bhfolláine eacnamaíoch agus shóisialta mhuintir an Chontae a chur ar fáil. Rinne an Chomhairle, agus eagraíochtaí éagsúla eile sa Chontae, dianiarracht tionscnaimh tríú leibhéal a fhorbairt. Cuireann BOOLM Seirbhísí Foghlama Aosach, Oideachas Pobal, An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas, Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais agus Treoir do Dhaoine Fásta chun cinn. Anuas air sin, cuireann Oifig Fiontair Áitiúil na Mí eolas agus comhairle ghnó, oiliúint scileanna gnó agus tacaíocht mheantóireachta ar fáil, chomh maith le roghanna eile scileanna agus oiliúna chun tacú le gnóthaí sa Chontae.

Faoi láthair, tá an t-aon choláiste tríú leibhéal amháin sa Chontae lonnaithe i nDún Búinne. Faoi láthair, tá an choláiste faoi rath agus dá bharr sin tá níos mó spáis ag teastáil uaithi ná atá ina háitreabh reatha. Tá suíomh ag teastáil chun spás a dhéanamh don choláiste. Tá sé i gceist an suíomh a chur ar fáil le leagan amach campais. Déanfar naisc bhreise a fhorbairt idir fostóirí nua agus reatha agus an Coláiste Breisoideachais agus, dá bharr sin, cuirfear le tarraingteacht an cheantair d'infheisteoirí mar gheall ar fhostaithe féideartha a bheith ar fáil go háitiúil a mbeidh na scileanna riachtanacha acu.

Is é beartas na Comhairle:

BEA SÓIS 15	Éascaíocht a dhéanamh ar áiseanna réamhscoile, bunscoile, iarbhunscoile, tríú leibhéal, for-rochtana, taighde, oideachais aosach agus breisoideachais a fhorbairt chun riachtanais oideachais mhuintir an Chontae a chomhlíonadh.
BEA SÓIS 16	A chinntiú go ndéantar áiseanna réamhscoile, bunscoile agus iarbhunscoile a sholáthar i gcomhar le ceantair chónaithe a phleanáil agus a fhorbairt, a uasmhéadaíonn deiseanna maidir le siúil, rothaíocht agus iompar poiblí a úsáid.
BEA SÓIS 17	A chinntiú go ndéantar dóthain talún agus seirbhísí a chriosú agus a choinneáil siar chun spás a dhéanamh chun áiseanna oideachais a bhunú, a fheabhsú agus a mhéadú sa Chontae. Tacaíonn an Chomhairle chomh maith le coincheap na n-áiseanna ilchamps oideachais.
BEA SÓIS 18	Leanúint de thacaíocht a thabhairt do scoileanna atá ann a fhreastalaíonn ar phobail i mbailte agus sráidbhailte, agus iad a chur chun cinn.
BEA SÓIS 19	Deiseanna chun scoileanna a oscailt ionas go n-úsáidfí an pobal i gcoitinne iad a spreagadh agus a fhorbairt, agus tacú leis sin, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus páirtithe leasmhara eile.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS SÓIS 4 An Roinn Oideachais agus Scileanna, BOOLM, agus gníomhaireachtaí eile reachtúla agus neamhreachtúla a éascú chun na háiseanna riachtanacha réamhscoile, bunscoile, iarbhunscoile agus tríú leibhéal a sholáthar ar fud an Chontae trí thalamh a choinneáil siar le haghaidh úsáid den chineál sin.

7.7.3.3 Áiseanna Cúraim Leanaí

Aithnítear gur príomhchuid de bhonneagar sóisialta é áiseanna cúraim leanaí a chur ar fáil má táthar chun cur ar chumas daoine páirt a ghlacadh i rochtain a fháil ar fhostaíocht, oideachas agus líonraí sóisialta. Tá an t-éileamh ar sheirbhísí cúraim leanaí á fhás go fóill agus tacaítear le seirbhísí ar ardchaighdeán agus inacmhainne cóngarach do phobail áitiúla a sholáthar leis an bPlean Forbartha.

Cuireann an scéim Cúram agus Oideachas Luath-Óige (COLO) cúram agus oideachas luathóige ar fáil do leanaí d'aois réamhscoile. Tá gach leanbh i dteideal 2 bhliain acadúil iomlán nó 76 seachtain ó Mheán Fómhair 2018 faoin scéim seo. Mar gheall ar an dara bliain a thabhairt isteach don scéim COLO le déanaí, tháinig méadú ar sheirbhísí réamhscoile. Tá 5,864 leanbh cláraithe le COLO (áiteanna réamhscoile saor in aisce) sa Chontae. (2017). I measc na gceantar a bhfuil na leibhéil éilimh is airde iontu, tá Cill Dhéagláin, An Mhí Thoirt agus Baile Átha Troim. Tacaíonn Coiste Cúraim Leanaí Chontae na Mí le seirbhísí réamhscoile sa Chontae a fhorbairt agus a chomhordú. Tá 89% d'áiseanna cúraim leanaí sa Chontae faoi úinéireacht phríobháideach agus is seirbhísí bunaithe sa phobal iad 11% díobh ar eagraíochtaí neamhbhrabúis iad agus a ritheann coistí bainistíochta deonacha iad. Tá 526 leanbh cláraithe faoin Scéim Fóirdheontas do Chúram Leanaí Pobail i seirbhísí pobalbhunaithe.

Chuir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Treoirínnte Pleanála maidir le hÁiseanna Cúraim Leanaí le chéile in 2001. Leagadh amach ann treoirínnte maidir le beartais agus cuspóirí le cur san áireamh sa Phlean Forbartha i dtaca le soláthar cúraim leanaí. Aithníonn na treoirínnte áiteanna cuí le haghaidh áiseanna cúraim leanaí, lena n-áirítear cóngarach d'áiteanna ina bhfuil a lán ionad oibre, scoileanna, lárionad comharsanachta, dúiche agus baile, agus in aice le conairí iompair phoiblí, áiseanna páirceála agus taistil, bealaí do choisithe agus bealaí tiomnaithe rothar. Molann na Treoirínnte go nglacfaidh Údarás Áitiúla le ról réamhghníomhach i soláthar cúraim leanaí méadaithe a chur chun cinn, fad a chosnaítear áiseanna. Níor chóir go mbeadh daoine a chónaíonn sa cheantar anois nó amach anseo cráite ag áiseanna cúraim leanaí nua, i gceantair atá ann nó i gceantair atá ag forbairt, . Ach go háirithe, is príomhcheisteanna iad limistéir tuirlingthe/bailithe, áiteanna páirceála agus limistéir súgartha nuair a phleanáiltear áiseanna cúraim leanaí nua nó a shínítear áiseanna atá ann cheana. Leanfaidh an Chomhairle de bheith réamhghníomhach maidir le háiseanna cúraim leanaí sa Chontae a chur chun cinn agus a choimeád ag imeacht. Leagtar amach riachtanais agus caighdeáin mhionsonraithe maidir le tionscadail forbartha cúraim leanaí i gCaibidil 11 Caighdeáin Bainistíochta Forbartha.

Is é beartas na Comhairle:

BEA SÓIS 20 Soláthar áiseanna cúraim leanaí inacmhainne ar ardchaighdeán a spreagadh, a chur chun cinn agus a éascú i gcomhréir le beartas náisiúnta agus treoirínnte ábhartha agus i gcomhar le Coiste Cúraim Leanaí Chontae na Mí.

BEA SÓIS 21	<p>Tacú le háiseanna cúraim leanaí den chineál agus den mhéid cearta a sholáthar ag na háiteanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Limistéir dlúthfhostaíochta agus páirceanna gnó; - Lárionaid chomharsanachta; - Forbairtí móra miondíola; - Scoileanna nó móráiseanna oideachais; - In aice le nóid iompair phoiblí; - Sráidbhailte agus Nóid Thuaithe, agus; - Laistigh d'fhorbairtí cónaithe atá ann cheana agus nua.
BEA SÓIS 22	<p>Áiseanna cúraim leanaí a cheadú i gceantair reatha chónaithe ar an gcoinníoll nach mbeidh tionchar suntasach diúltach ar charachtar ná taitneamhacht ceantair, ach go háirithe maidir le páirceáil do charranna, giniúint tráchta agus cur isteach ó thorann.</p>
BEA SÓIS 23	<p>Áiseanna cúraim leanaí, den mhéid agus scála ceart, i sráidbhailte agus nóid thuaithe, agus/nó in aice leis na háiseanna pobail agus oideachais ar an gcoinníoll:</p> <ul style="list-style-type: none"> - nach mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt mholta ar charachtar agus taitneamhacht ceantair, ach go háirithe maidir le páirceáil do charranna, giniúint tráchta agus cur isteach ó thorann; - go gcomhlíonann an forbairt mholta na caighdeáin chomhshaoil; - go dtugann an forbairt mholta aghaidh ar riachtanais an pobail. <p>De ghnáth, áit a mbeidh gá le háiseanna indéanta a lonnú i gcampaís pobail/oideachais, agus áit a bhfuil áiseanna cúraim leanaí saintógtha á gcur ar fáil.</p>

7.7.4 Áiseanna Cúraim Sláinte

Tá ról tábhachtach ag an Údarás Pleanála i dtacaíocht a thabhairt do sholáthar cuí cúraim sláinte trína chinntiú go gcoinnítear dóthain talún siar sa Phlean Forbartha chun spás a dhéanamh d'áiseanna leordhóthanacha cúraim sláinte a fhorbairt do mhuintir an cheantair.

Cuirtear áiseanna cúraim sláinte agus leighis ar fáil ag réimse gníomhaireachtaí poiblí, príobháideacha agus deonacha. Is é Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an phríomheagraíocht atá freagrach as seirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta pearsanta a chur ar fáil do mhuintir na Mí. Is ospidéal géarmhíochaine don réigiún thoir thuaidh é Ospidéal Mhuire san Uaimh agus is saoráid dúiche é Ospidéal Íosaf i mBaile Átha Troim. Chomh maith leis sin, tá rochtain ag muintir an Chontae ar ospidéal sna contaetha thart air – Ospidéal Mhuire Lourdes i nDroichead Átha, Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre sa Mhuileann Cearn, Ospidéal Ginearálta an Chabháin, Ospidéal Shéamais Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir, srl.

Cuireann FSS seirbhísí míchumais agus seirbhísí do dhaoine aosta ar fáil, áiseanna cónaithe agus cúraim lae san áireamh. Áirítear le seirbhísí Cúraim Leanaí Cosaint leanaí, altramas agus cúram fadtéarmach agus Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d’Ógánaigh (SMLÓ).

D’fhoilsigh an Roinn Sláinte agus Leanaí ‘An Straitéis Cúraim Phríomhúil’ in 2001 a chuireann cur chuige foireannbhunaithe i leith soláthar seirbhíse chun cinn, a bhfuil sé mar aidhm aige seirbhís cúraim phríomhúil atá go hiomlán comhtháite a chur ar fáil. Cuireann ionad cúraim phríomhúil meascán de na seirbhísí seo a leanas ag gach ionad: Síceolaíocht; Teiripe Saothair; Fisiteiripe; Teiripe Urlabhra agus Teanga; Altranas Sláinte Poiblí; Obair Shóisialta; Comhairleoireacht Cúraim Phríomhúil; Cosliacht; Daitéitic. Cuireann roinnt ionad Seirbhísí agus Cúram Maolaitheach Meabhairshláinte ar fáil chomh maith. Is féidir leis na hionaid spás a chur ar fáil do Chleachtas Dochtúra Ghinearálta.

Tá ionaid Cúraim Phríomhúil sa Mhí lonnaithe sna háiteanna seo a leanas (2018): Ceanannas, Baile Átha Troim, Cnoc an Línsigh, Dún Seachlainn agus Cill Dhéagláin. Tá Ionaid Cúraim Phríomhúil don Uaimh agus Oirthear na Mí á bplé faoi láthair.

Aithníonn an Chomhairle agus tacaíonn sí leis an gcumas atá ag Ionaid Cúraim Phríomhúil áiseanna áitiúla comhtháite a chur ar fáil, ar aon dul le Straitéis Cúraim Phríomhúil an Rialtais. Tá sé mar aidhm ag an bPlean na háiseanna seo, in éineacht le seirbhísí tacaíochta pobail, a lonnú ar thalamh atá críosaithe go cuí cóngarach do cheantair chónaithe nua agus atá ann chun rochtain ar chúram sláinte ildisciplíneach, agus seirbhísí meabhairshláinte agus folláine a chur ar fáil do phobail in áiteanna ar féidir teacht orthu go héasca ar fud an Chontae.

Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag obair go dlúth le FSS chun a chinntiú go bhfuil dóthain talún críosaithe chun spás a dhéanamh d’áiseanna cúraim sláinte nuair a thagann an riachtanas chun cinn i gcomhréir le deachleachtas pleanála.

7.7.4.1 Ospidéal Réigiúnach

Aithníodh An Uaimh mar an áit is fearr chun Ospidéal Réigiúnach do Réigiún an Oirthuaiscirt a fhorbairt ann sa Tuarascáil ar Chomhpháirtíocht Sláinte a foilsíodh in 2008. Ina dhiaidh sin, d’fhostaigh an Chomhairle Comhairleoirí Pleanála agus Comhshaoil chun scrúdú a dhéanamh ar shuíomhanna a d’fhéadfadh a bheith oiriúnach ar fud an bhaile agus chun suíomh oiriúnach a aithint d’Ospidéal Réigiúnach. Aithníodh 3 shuíomh sa bhaile sa phróiseas mar suíomhanna a d’fhéadfadh an t-ospidéal a lonnú ann, lena n-áirítear:

- (1) Baile Naoimhín
- (2) Seanbhaile Réisc agus Cnoc na Tiníleach (cuid de)
- (3) Cnoc na Tiníleach

Ina dhiaidh sin, aithníodh Baile Naoimhín i bPlean Forbartha na hUaimhe 2009 mar an áit a dtógfar an tOspidéal Réigiúnach molta nua agus na húsáidí cúraim sláinte tánaisteacha. Maítear i gCuspóir Sóisialta 3 den Phlean sin go bhfuil sé mar chuspóir ag Comhairle Contae na Mí “*Scrúdú a dhéanamh ar shuíomh oiriúnach d’Ospidéal Réigiúnach san Uaimh (i measc na n-áiteanna a d’fhéadfadh bheith oiriúnach, tá Baile Naoimhín, Cnoc na Tiníleach, agus Seanbhaile Réisc agus Cnoc na Tiníleach(cuid de)) agus suíomh a choinneáil siar i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*”. Aithnítear moltaí na tuarascála sin sna Treoirínte Pleanála Réigiúnaí 2010. Tá an beartas seo a leanas sa Phlean Forbartha Contae 2013-2019: “*Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus An Roinn Sláinte a éascú chun Ospidéal*

Réigiúnach nua san Uaimh a sholáthar” agus an cuspóir seo a leanas CUS SÓIS 4: ‘Scrúdú a dhéanamh ar shuíomh oiriúnach d’Ospidéal Réigiúnach san Uaimh agus suíomh a choinneáil siar, i gcomhar le Réigiún Oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath agus gníomhaireachtaí eile reachtúla agus Comhairle Baile na hUaimhe.’ Áirítear leis an SRSE chomh maith beartas chun ‘tacú le hospidéal réigiúnach a fhorbairt chun freastal ar oirthuaisceart na tíre’. D’fhéadfadh go mbeadh tionchar an-dearfach ar an mbaile agus ar gheilleagar an réigiúin dá bhforbrófaí ospidéal réigiúnach san Uaimh.

Is é beartas na Comhairle:

BEA SÓIS 24	Comhoibriú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha agus leis an earnáil príobháideach eile maidir le soláthar áiseanna cúraim sláinte iomchuí a chumhdaíonn réimse iomlán an chúraim sin ó ospidéal go dtí soláthar saoráidí cúraim phobalbhunaithe faoi réir breithniúchán pleanála cuí agus prionsabail na forbartha inbhuanaithe.
BEA SÓIS 25	Comhtháthú na háiseann cúraim sláinte a spreagadh laistigh de phobail nua agus reatha agus do thograí a bheadh ina gcúis le haonrú neamhriachtanach nó le deacrachtaí rochtana eile, go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus leanaí a dhíspreagadh.
BEA SÓIS 26	A chinntiú go bhfuil tailte agus seirbhísí leordhóthanacha ar fáil chun seirbhísí sláinte a fheabhsú, a bhunú agus a leathnú.
BEA SÓIS 27	Iarratais ar athrú úsáide a bhreithniú idir úsáid chónaithe go áiseanna cúraim sláinte/lialanna, ach amháin más féidir príobháideachas agus taitneamhacht na n-áititheoirí in aice láimhe a chaomhnú agus nach ndéanann an togra dochar don taitneamhacht áitiúil. Ní cheadófar áiteanna cónaithe de chineál leathscote nó sraithe a athchóiriú go hiomlán de ghnáth.
BEA SÓIS 28	Éascaíocht a dhéanamh ar agus tacaíocht a thabhairt do Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus An Roinn Sláinte Ospidéal Réigiúnach nua a sholáthar san Uaimh.
BEA SÓIS 29	Tacaíocht a thabhairt do agus comhoibriú le tacadóirí nó oibreoirí áiseanna cúraim sláinte príobháideacha agus poiblí trí sholáthar níos fearr áiseanna cúraim sláinte in áiteanna cuí a éascú agus a spreagadh.
BEA SÓIS 30	Tacú le hionaid sláinte cúraim phríomhúil ‘ilfhreastail’ agus cleachtais dochtúra ghinearálta a chur ar fáil in áiteanna ar féidir le daoine den phobal i gcoitinne rochtain a fháil orthu.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS SÓIS 5	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Roinn Sláinte a éascú maidir le hionaid sláinte agus áiseanna eile a bhaineann leis an gcúram sláinte a sholáthar ar fud an Chontae trí thionscnaimh éagsúla, talamh a choinneáil siar le húsáid den chineál sin san áireamh.
CUS SÓIS 6	Éascaíocht a dhéanamh ar agus tacaíocht a thabhairt do Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus An Roinn Sláinte maidir le hOspidéal Réigiúnach san Uaimh a chur ar fáil ar shuíomh a aithnítear i mBaile Naoimhín, nó Seanbhaile Réisc agus Cnoc na Tiníleach (cuid de). Cuirfear san áireamh leibhéal na hacmhainne ó thaobh seirbhísí uisce píopaí agus bonneagair bóithre mar chuid den phróiseas roghnúcháin

don suíomh deiridh, mar an gcéanna le ceisteanna comhshaoil, na tionchair shuntasacha ar dócha go mbeidh ar Shuíomhanna Eorpacha (Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéir faoi Chostaint Speisialta).

7.7.5 Pobail Shláintúla

Tá saoráidí spóirt, fóillíochta agus caitheamh aimsire riachtanach chun sláinte mhaith, chomhtháthú sóisialta, braistint pobail a chur chun cinn agus cáilíocht beatha an duine agus folláine a fheabhsú. Ag an leibhéal náisiúnta, leagadh béim níos mó le blianta beaga anuas ar aclaíocht, spórt agus fóillíocht go ginearálta. Mar sin, tá an cheist phleanála maidir le háiseanna spóirt agus fóillíochta a sholáthar chun freastail ar ár bpobail atá ag fás ag éirí níos tábhachtaí. Mar sin, is príomhcheist do Phleananna Forbartha é na háiseanna sin a sholáthar ar bhealach cuí.

Tá sé mar aidhm ag Plean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil (CSÁ)⁵ na Mí 2013-2017 rannpháirtíocht i spórt agus gníomhaíocht fhisiúil a mhéadú ar fud an Chontae agus deiseanna spóirt agus gníomhaíochta fisciúla ar chaighdeán níos airde a chur ar fáil, rannpháirtíocht agus acmhainní atá ar fáil do gach duine agus a mbaineann gach duine tairbhe as.

Is tionscnamh Rialtais é “Éire Shláintiúil” a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar shláinte agus folláine mhuintir na hÉireann. Leagtar amach tosaíochtaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte do dhomhan níos sláintiúla i Sláinte 2020. Tá sé mar aidhm ag Cuspóir Beartais Náisiúnta 26 den Chreat Náisiúnta Pleanála tacú le cuspóirí an bheartais sláinte poiblí, Éire Shláintiúil agus an Plean Náisiúnta um Gníomhaíocht Choirp san áireamh, trí bheartais den chineál sin, más cuí agus ag an scála infheidhme, a chomhtháthú le beartas pleanála.

Tá Straitéis Sláinte na Mí⁶ 2019-2021 á hullmhú faoi láthair. Is é fíis na straitéise seo go mbeidh Contae Sláintiúil ann inar féidir le gach duine tairbhe a bhaint as caighdeán maith meabhairshláinte agus sláinte coirp agus folláine, agus lán a gcumais ina thaobh sin a bhaint amach, ina bhfuil meas mór ar fholláine agus ina dtacaítear le folláine ag gach leibhéal den tsochaí agus ina nglacann gach duine le freagracht aisti. Tá dhá phríomhchuspóir ag an bplean:

- Timpeallacht chuí a chruthú chun cur ar chumas daoine roghanna níos sláintiúla slí maireachtála a ghlacadh;
- Eolas a dhéanamh do, tacaíocht a thabhairt do agus daoine a spreagadh freagracht a ghlacadh as a sláinte féin agus roghanna slí maireachtála níos sláintiúla a ghlacadh.

7.7.6 Bonneagar Spóirt agus Fóillíochta atá ann cheana

Cuireann an spórt go mór le saol mhuintir na Mí. Tá traidisiún mórtasach na peile Gaelaí (buadh seacht gcraobh shinsearacha Uile Éireann) ag an gcontae, tá rásaíocht capall ag Brú na Sí, an Uaimh, Baile an Bheileogaigh agus an Inse sa chontae, agus imrítear daorchluiche agus cruicéad i gCill Dhéagláin.

Tá 10 n-ionad eachaíochta agus 18 gcúrsa gailf sa Chontae. Tá roinnt bealaí siúil ann, cosúil le cosán tarraingthe na Bóinne, tránna fada ag Baile an Bhiataigh-An Inse agus linnte snámha poiblí san Uaimh, Baile Átha Troim agus Ceanannas, chomh maith le háiseanna príobháideacha in óstáin.

⁵ Cuireadh ar bun é in Iúil 2002 faoi stiúir Chomhairle Spóirt na hÉireann chun forbairt gníomhaíochta coirp agus spóirt a phleanáil, a stiúradh agus a chomhordú sa Mhí.

⁶ Comhthionscnamh idir an Coiste Áitiúil Pobail agus Forbartha agus Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí.

Rinneadh dul chun cinn chun glabhadh a fhorbairt: feadh na líne traenach nach bhfuil in úsáid ón Uaimh go dtí Dún an Rí, le taobh na Canála Ríoga ón teorainn le Cill Dara ag Droichead McLoughlin go dtí an teorainn leis an larmhí agus le taobh Bhóthar an tSeandroichid ó Bhallaí Cosanta Dhroichead Átha go dtí Eastát an tSeandroichid. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach Caibidil 5 Straitéis Lonnaíochta.

Tá ról níos mó agus tábhachtach le himirt ag tránna, uiscebhealaí, gníomhaíochtaí eachaíochta agus gníomhaíochtaí lena mbaineann, chomh maith le háiseanna gailf agus linnte snámha srl, ar an ngeilleagar turasóireachta.

Tá cuspóirí sonracha in Imleabhar 2 den Phlean Forbartha, áit a nascfar soláthar bonneagair spóirt agus fóillíochta go díreach le forbairt ceantar áirithe chun dul i ngleic le heaspaí atá ann agus a chinntiú go bhfuil forbairt cothrom agus inbhuanaithe.

Is é beartas na Comhairle:

BEA SÓIS 31	Tacú le cur i bhfeidhm Straitéis Sláinte na Mí 2019-2021 i gcomhar leis na gníomhaireachtaí agus údaráis ábhartha.
BEA SÓIS 32	Tacaíocht a thabhairt do spóirt áitiúla, grúpaí pobail agus grúpaí eile, agus iad a spreagadh, maidir le háiseanna pobail agus spóirt laistigh agus allamuigh a sholáthar agus a fhorbairt.
BEA SÓIS 33	Tacaíocht a thabhairt do grúpaí spóirt agus grúpaí pobail áitiúla maidir le háiseanna a fhorbairt trí thalamh oiriúnach a choinneáil siar agus trí mhaoiniú a chur ar fáil má tá sé ar fáil agus más cuí.
BEA SÓIS 34	Freastal ar riachtanais spóirt agus caitheamh aimsire gach earnála agus aoise den phobal agus comhtháthú na riachtanas speisialta sin a chur chun cinn sa timpeallacht spóirt agus caitheamh aimsire.
BEA SÓIS 35	Soláthar áiseanna malartacha spáis oscailte, fóillíochta agus spóirt a éileamh sa chás go bhfuil áiseanna den sórt sin atá ann cheana as úsáid mar chuid de na tograí forbartha.
BEA SÓIS 36	A chinntiú go ndéantar na háiseanna fóillíochta nua, más féidir, a lonnú cóngarach do bhealaí iompair phoiblí agus in áit ar féidir leo freastal ar riachtanais an phobail a bhfuil an áis beartaithe lena n-aghaidh.
BEA SÓIS 37	Éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt limistéar súgartha do leanaí agus clós súgartha gar do chomharsanachtaí atá ann agus atá molta, más féidir.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS SÓIS 7	Na moltaí i mBeartas Súgartha Údaráis Áitiúla na Mí a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na gníomhaireachtaí áitiúla uile.
CUS SÓIS 8	Tacaíocht a thabhairt do Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí maidir leis na straitéisí agus pleananna ábhartha a sheachadadh.

CUS SÓIS 9 Tacú le hallaí spóirt ilfheidhmeach, páirceanna imeartha uile-aimsire agus áiseanna lena mbaineann a sholáthar in áiteanna cuí.

7.7.7 Spás Oscailte

Tá an spás oscailte poiblí ina ghné ríthábhachtach maidir le timpeallacht uirbeach ardchaighdeán agus ar leith a chruthú, ina gcuirtear deiseanna ar fáil do chaitheamh aimsire éighníomhach agus gníomhach araon, rud a chuireann le cáilíocht beatha na gcónaitheoirí agus na gcuairteoirí araon.

Cuireann spáis oscailte inrochtana, inúsáidte agus tiomnaithe, atá ann ar mhaithe le riachtanais fóillíochta éighníomhacha agus gníomhacha, tairbhí comhshaoil agus éiceolaíochta ar fáil agus cuireann siad feabhas ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh. Tá tairbhí suntasacha sláinte ann do phobail lena n-áirítear rochtain ar spáis ghlasa agus spáis ghorma (aibhneacha, lochanna agus canálacha).

Tacaíonn an SRSE le húdaráis áitiúla spás oscailte agus straitéisí páirceanna a ullmhú, agus le comhoibriú níos fearr trasteorann chun ordlathas soláthair spáis oscailte a chur ar fáil, spás oscailte de scála réigiúnach agus áiseanna fóillíochta san áireamh.

Is féidir spás oscailte a chatagóiriú mar spás oscailte le feidhm réigiúnach, contae nó áitiúil. Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil líonra leordhóthanach spás oscailte sa Chontae. Tá páirc réigiúnach sa bhaile tábhachtach An Uaimh, agus beidh áiseanna den chineál fearainn páirce agus de scála réigiúnach ag teastáil i gCill Dhéagláin agus Dún Búinne. Sainaitníodh suíomhanna do pháirceanna réigiúnacha i gCill Dhéagláin agus Dún Búinne sa ráiteas scríofa do na bailte seo in Imleabhar 2. Beidh gá le páirc réigiúnach a chur ar fáil san Ionad Fáis Réigiúnaigh Droichead Átha, agus sainaitníodh tailte inar féidir spás a dhéanamh don pháirc sin sna Purláin Theas. Ó thaobh forbairt chónaitheach de, i ngach cás ní féidir tailte atá criosaithe mar F1 Spás Oscailte, G1 Bonneagar Pobail agus H1 Líon Mór Áiseanna a chur san áireamh i limistéar an tsuímh forbartha.

Chuirtear béim sna Pleananna Forbartha ar chaighdeán chainníochtúla mhionsonraithe san am a chuaigh thart, ach tá béim níos mó anois ar chaighdeán an spáis oscailte poiblí, rud a chinntíonn go bhfuil sé níos dóchúlú go gcomhlíonfar ionchais réasúnta na n-úsáideoirí. Ní mór cloí leis na caighdeán cháilíochtúla arna leagan amach sa doiciméad 'An Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha', 2009, maidir le dearadh, inrochtaineacht, éagsúlacht, úsáid chomhroinnte, bithéagsúlacht, córais draenála uirbí inbhuanaithe agus soláthar garraí scóir agus gairdíní poiblí i ngach iarratas pleanála le haghaidh forbairtí nua cónaithe.

Is gné bhunúsach de spás oscailte príobháideach a sholáthar é taitneamhacht chónaithe, rud a chuireann deis ar fáil do chónaitheoirí le haghaidh fóillíocht shábháilte phríobháideach.

Tá caighdeán maidir le spás oscailte poiblí agus príobháideach leagtha amach i gCaibidil 11 Caighdeán Bainistíocht Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún. Ní mór do gach iarratas pleanála le haghaidh forbairt chónaitheach léiriú go gcloífear leis sin.

Is é beartas na Comhairle:

BEA SÓIS 38 Forbairt réimse leathan limistéar spás oscailte inrochtana ar ardchaighdeán a chur chun cinn, le haghaidh úsáid éighníomhach agus gníomhach agus gníomhachtaíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, i gcomhréir leis an gCroístraitéis agus an Straitéis

	Lonnaíochta agus na caighdeáin atá leagtha amach i gCaibidil 11 Caighdeáin Bainistíocht Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún. Cuirfear san áireamh aon cheist chomhshaoil, tionchair shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith ar Shuíomhann Eorpacha (Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus faoi Chosaint Speisialta).
BEA SÓIS 39	Sláine láithreáin Natura 2000 a chosaint agus na láithreáin oiriúnacha le haghaidh caitheamh aimsire á sainaitheint, go háirithe ó thaobh a ndearaidh agus a n-úsáide.
BEA SÓIS 40	Cur in aghaidh cailteanas spásanna oscailte poiblí atá ann cheana, mura gcuirfear áiseanna caitheamh aimsire eile ar fáil i suíomhanna oiriúnacha.
BEA SÓIS 41	Talamh atá faoi réir gníomhas tiomantais nó atá sainaitheanta i ndeontas iarratais pleanála mar spás oscailte a choinneáil saor ó fhorbairt chónaithe chun a chinntiú go bhfuil dóthain áiseanna pobail agus áineasa ann do chónaitheoirí an cheantair.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS SÓIS 10	Iniúchadh a dhéanamh ar gach sócmhainn spás oscailte sa Chontae le linn shaolré an Phlean Forbartha.
CUS SÓIS 11	Tús áite a thabhairt do pháirceanna baile ag scála réigiúnach i bPurláin Theas Dhroichead Átha, Dún Búinne agus Cill Dhéagláin.
CUS SÓIS 12	Ó thaobh forbairt chónaitheach de, i ngach cás ní féidir tailte atá criosaithe mar F1 Spás Oscailte, G1 Bonneagar Pobail agus H1 Líon Mór Áiseanna a chur san áireamh i limistéar an tsuímh forbartha.
CUS SÓIS 13	Scrúdú a dhéanamh ar spásanna oscailte poiblí atá ann cheana agus feabhsúcháin a dhéanamh más gá d'fhonn a n-úsáideacht mar spásanna caitheamh aimsire a mhéadú.
CUS SÓIS 14	A áirithiú go bhfuil rochtain ar spásanna oscailte poiblí agus go ndéantar é a dhearadh ionas go mbíonn faireachas éighníomhach á dhéanamh air.
CUS SÓIS 15	Spásanna oscailte ilfheidhmeacha a chur ar fáil in áiteanna a mheastar is cuí i gcomhair úsáid ghníomhach agus neamhghníomhach araon.
CUS SÓIS 16	Gluaisteacht fhurasta agus naisc idir spásanna oscailte poiblí a áirithiú lena n-áirítear naisc idir spásanna nua agus cinn atá ann cheana, i gcomhairle le cónaitheoirí i measc eile.

7.7.8 Leabharlanna

Tá ról tábhachtach pobail, faisnéise, cultúrtha agus mar shaoráid for-rochtana ag an tseirbhís leabharlainne atá á soláthar ag Comhairle Contae na Mí laistigh den chontae. Tá modh tábhachtach rochtana á sholáthar ag an tseirbhís leabharlainne poiblí le blianta fada ar fhaisnéis agus ar áiseanna léitheoireachta (fóillíocht) agus bhí ról mór aici maidir leis na healaíona, oideachas agus stair áitiúil a chur chun cinn ar fud an Chontae. Is lárionad tábhachtach iad leabharlanna anois le haghaidh gníomhaíochtaí cultúrtha chomh maith. Tugtar aitheantas don ról cultúrtha seo leis an ról lárnach

atá ag leabharlann i dtioncadail chultúrtha a sholáthar, cosúil leis deich mbliana na gcuimhneachán agus an clár Éire Ildánach.

Déanann Comhairle Contae na Mí an tseirbhís leabharlainne poiblí contae a bhainistiú agus a fheidhmiú óna ceanncheathrú san Uaimh. Anuas air sin, tá 12 bhainse ar fud an Chontae. (Soláthraíonn Comhairle Contae Lú seirbhís mhóibíleach d’Oirthear na Mí i gcomhar le Comhairle Contae na Mí.)

Tugadh amach os cionn leathmhilliún earra ar fud an chontae in 2018. Mar gheall ar bhallaíocht saor in aisce agus deireadh a bheith curtha le fíneálacha in 2019, déanfar cinnte go mbeidh an tseirbhís leabharlainne ar fáil do chách. Rinneadh os cionn €500,000 a infheistiú i TFC i leabharlanna ar fud na tíre in 2017 agus 2018. Chumasaigh se sin féinforbairt RFID a thabhairt isteach agus réimse leathan seirbhísí nua digiteacha a fhorbairt ag gach áit. Áirítear leis na seirbhísí seo tionscnaimh nua cosúil le ‘The Magic Table/Tovertafel’, atá deartha go sonrach le daoine a bhfuil néaltrú agus uathachas orthu.

Is é An Inse/Baile an Bhiataigh/Baile Uí Mhornaín/Domhnach Cairnigh an tríú lonnaíocht is mó sa Chontae, agus is tosaíocht é aghaidh a thabhairt ar áiseanna leabharlainne sa cheantar seo. Leagtar amach i bplean forbartha do sheirbhís leabharlainne na Mí 2005-2009 roinnt bearta lena gcur i bhfeidhm. Rinneadh soláthar ann do leabharlanna nua i mBaile Íomhair, An Inse/Baile an Bhiataigh agus Ceanannas. Cuireadh uasghráduithe móra i gcrích i mBaile Átha Buí (2018), Baile Shláine (2019) agus Ceanannas (2019). Beartaítear uasghradú mór a dhéanamh san Obair (2019) agus tá mionobreacha pleanáilte i nDún Seachlainn (2019) agus An Seanchaisleán (2020). Tá oibreacha móra pleanáilte san Uaimh (cuirfeadh tús leis an sceideal deartha in 2019). Is é Leabharlann Bhaile Átha Troim an dara leabharlann is gnóthaí sa Chontae agus tá sé molta Leabharlann Bhaile Átha Troim a nascadh leis an eaglais in aice láimhe chun leabharlann níos mó a chruthú le spás Ealaíon/Amharclainne sa suíomh leathnaithe. Cuireadh an tionscnamh ‘Mo Leabharlann Oscailte’ i bhfeidhm i mBaile Átha Troim i bhFeabhra 2019. Ligeann sé sin do bhail den leabharlann úsáid a bhaint as na seirbhísí taobh amuigh d’uaireanta gnó seacht lá sa tseachtain (8 a.m. – 10 p.m.). Moltar go ndéanfar athbhreithniú ar éileamh ag Baile Átha Troim le fáil amach ar cheart an tseirbhís a shíneadh chuig brainsí eile ar aon dul le beartas náisiúnta agus sceidil mhaoinithe.

Beartaíonn an Chomhairle tús a chur le hathbhreithniú ar an bPlean 2005-2009 le haghaidh na seirbhíse leabharlainne roimh i bhfad le go mbeidh sé déanta ag an am céanna le hathbhreithniú ar an straitéis náisiúnta don tseirbhís leabharlainne - *‘Ár Leabharlanna Poiblí 2022 – Pobail a Spreagadh, a Nascadh agus a Chumhachtú.’*

Tá sé mar bheartas ag Comhairle Contae na Mí:

BEA SÓIS 42 Leanúint den tseirbhís leabharlainne a leathnú agus a fheabhsú chun freastal ar riachtanais an phobail, ar aon dul leis na cuspóirí agus tosaíochtaí i bPlean Forbartha na Leabharlann 2005-2009 (nó mar a leasaítear ar bhealach eile) agus faoi réir maoiniú a bheith ar fáil.

Tá sé mar chuspóir ag Comhairle Contae na Mí:

CUS SÓIS 17 Feabhas a chur ar shaoráidí leabharlainne san Uaimh, agus a feidhm mar cheanncheathrú na leabharlainne don chontae a choinneáil agus a fhorbairt.

CUS SÓIS 18 Scrúdú a dhéanamh ar an féidir leabharlann nua i gceantar na hInse/Bhaile an Bhiataigh agus sa Ceanannas a chur ar fáil.

CUS SÓIS 19	Scrúdú a dhéanamh maidir le leabharlann nua i gceantar na hInse/Bhaile an Bhiataigh agus más féidir leabharlann nua a sholáthar ann. Scrúdú a dhéanamh ar athchóiriú Eaglais Naomh Cainneach chun spás a dhéanamh do leabharlann.
CUS SÓIS 20	Áiseanna agus seirbhísí leabharlainne atá ann a sholáthar agus a fheabhsú agus cur chuige comhtháite i leith seirbhísí leabharlainne, ealaíne agus seirbhísí eile lena mbaineann a spreagadh.

7.7.9 Tailte Adhlactha

Tá freagracht ar Údarás Áitiúla as áiseanna adhlactha leordhóthanacha a sholáthar, lena n-áirítear tailte d'áiseanna den chineál sin a choinneáil siar agus a fháil, más gá. In 2011, chuir an Chomhairle suirbhé/anailís ar riachtanais maidir le tailte adhlactha i gcrích agus d'aithin sí 231 talamh adhlactha sa Chontae.

Mar gheall ar athruithe ar an tsochaí, is gá anois reiligi il-sainchreidmheach a chur ar fáil. Tá suíomhanna nua á bhforbairt mar ghairdíní adhlactha, áit a bhfuil an suíomh deas mar gheall ar thírdhreachú cúramach agus úsáid tairgí inbhuanaithe. Chomh maith leis sin, cuirtear roinnt roghanna adhlactha ar fáil do chustaiméirí agus tá réimse iomlán seirbhísí ann, cosúil le páirceáil do charranna, leithris, srl. Aithnítear chomh maith go bhféadfadh luach taitneamhachta a bheith ag baint le gairdíní adhlactha agus tá roghanna ann áiseanna cosúil le cosán lúibe a chruthú thart ar shuíomhanna nó trí shuíomhanna.

Osclaíodh gairdín adhlactha il-sainchreidmheach in Derrockstown i nDún Seachlainn i mBealtaine 2016. Léireofar éiteas an ghairdín adhlactha in Derrockstown mar 'áit le haghaidh measa, machnaimh agus cuimhneacháin' i bhforbairtí amach anseo. Déanfar iad a fhorbairt ar nós gairdín agus cuirfidh siad roinnt roghanna adhlactha agus créamtha ar fáil, lena n-áirítear adhlacthaí glasa, adhlacthaí traidisiúnta, ballaí colmlainne, luaithreach a adhlacadh, srl. Tá sé molta suíomhanna amach anseo a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe agus a oireann do ghníomhú ar son na haeráide trí úsáid a bhaint as tairgí nádúrtha agus tógáil ísealcharbóin. Is aidhm é go mbeidh suíomhanna féinchothaithe ó thaobh fuinnimh de. Aithnítear go bhfuil tairbhe taitneamhachta ag baint le gairdíní adhlactha agus bainfear úsáid as barrachas talún a ceannaíodh do ghairdíní adhlactha chun crainn a chur agus limistéir bhithéagsúlachta a chruthú. Tacaítear leis sin leis an Straitéis Gníomhaithe ar son na hAeráide do Chontae na Mí.

Faoi láthair, tá an Contae ag cuardach suíomhanna atá oiriúnach ó thaobh geolaíochta de le haghaidh tailte adhlactha i nDún Búinne, Baile Átha Troim agus Steach Maoilín agus na ceantair thart orthu.

Níl aon togra le haghaidh créamatóiriam sa Mhí, ach is dócha go mbeidh ceann ag teastáil roimh i bhfad mar gheall ar an bhfás daonra agus an easpa spáis do thailte adhlactha. Tá seans ann go mbeidh ar an gComhairle plé a dhéanamh, i gcomhthéacs easpa na talún atá oiriúnach ó thaobh an chomhshaoil de agus ar an méid teoranta maoinithe atá ar fáil, réitigh réigiúnbhunaithe maidir le spás adhlactha a chur ar fáil uair éigin amach anseo.

Is é beartas na Comhairle:

BEA SÓIS 43	Éascaíocht a dhéanamh ar agus tacaíocht a thabhairt do thailte adhlactha il-sainchreidmheacha a fhorbairt a éascú, agus aird a thabhairt ar riachtanais na bpobal il-sainchreidmheach agus neamhreiligiúnach agus na treochtaí maidir le bainistíocht dheireadh an tsaoil.
-------------	----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

BEA SÓIS 44	Soláthar tailte nua, áiseanna agus síneadh reiligí atá ann cheana a éascú de réir mar is cuí chun freastal ar riachtanais an Chontae.
BEA SÓIS 45	Grúpaí pobail áitiúla a spreagadh chun áiseanna adhlactha nua a fhorbairt, a bhainistiú agus cothabháil a dhéanamh orthu.
BEA SÓIS 46	Oidhreacht chultúrtha tailte adhlactha stairiúla a chosaint laistigh de Chontae na Mí agus a mbainistiocht agus a gcothabháil a spreagadh de réir na bprionsabal a bhaineann le caomhnú. (Féach chomh maith Caibidil 8 Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha)

Is é cuspóir na Comhairle é:

CUS SÓIS 21	Éascaíocht a dhéanamh ar thailte nua nó sínithe adhlactha agus créamatóiriamáí a éascú trí thalamh a choinneáil siar ag áiteanna cuí agus tailte adhlactha údaráis áitiúil a chur ar fáil faoi réir na gcosaintí cuí maidir le tionchar ar screamhuisce agus uisce dromchla, an comhshaol, torann agus trácht.
-------------	----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

7.7.10 Ionaid Adhartha

De réir mar a éiríonn an Contae níos éagsúla, tháinig méadú ar líon na bpobal creideamh sa Chontae. Dá bharr sin, tháinig méadú ar an éileamh ar spásanna adhartha. Féadfaidh ionaid phobail réitigh sealadacha a chur ar fáil, ach de réir mar a shocraíonn pobail síos agus/nó a thagann méadú ar líon na ndaoine, féadfar go mbeidh gá le háit thiomnaithe adhartha. Spreagfaidh an Chomhairle áiteanna cuí ar féidir teacht orthu go réidh a chomhlíonann caighdeáin na Comhairle maidir le dearadh, gluaiseacht feithiclí/páirceáil agus tírdhreachú srl.

Féach freisin, le do thoil, Caibidil 11 Caighdeáin Bainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún.

Is é beartas na Comhairle:

BEA SÓIS 47	A spreagadh go bhforbrófaí ionaid adhartha in áiteanna cuí i lárionaid uirbeacha, gar do phobail cónaithe, agus éascú don fhorbairt sin.
-------------	------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

7.7.11 Stáisiúin Dóiteáin

Is seirbhísí sábháilteachta poiblí riachtanacha iad na seirbhísí um chomhrac dóiteáin agus seirbhísí tarrthála eile a sholáthraíonn an Chomhairle. Tá seacht stáisiún dóiteáin i suíomhanna straitéiseacha ar fud an chontae: An Uaimh (ceanncheathrú an líonra), Baile Átha Troim, An Seanchaisleán, An Obair, Dún Seachlainn agus Cill Dhéagláin.

Tá ról agus feidhmeanna na seirbhíse dóiteáin snaidhmthe le croísheirbhísí eile atá ag Comhairle Contae na Mí amhail pleanáil, tithíocht, seirbhísí uisce agus bóithre. Tá sé tábhachtach, mar sin, ar mhaithe leis an bpobal, go bhfuil dlúthchaidreamh oibre agus comhoibriú éifeachtach idir an tseirbhís dóiteáin agus seirbhísí údaráis áitiúil eile ar bhonn leanúnach.

Ghlac Comhairle Contae na Mí ‘Plean Oibriúcháin um an tSeirbhís Dóiteáin 2015-2019’ agus leagtar amach roinnt moltaí sa phlean sin maidir leis an tseirbhís dóiteáin. Cuireann An Roinn Comhshaoil,

Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniú caipitil ar fáil chun an tSeribhís Dóiteáin a fhorbairt agus trealamh caipitil a cheannach. Ceadáíodh maoiniú caipitil do Dhún Seachlainn, An Seanchaisleán agus An Obair le haghaidh sínte agus oibreacha uasghrádaithe. Táthar ag súil leis go gcuirfear na hoibreacha sin i gcrích sna blianta atá romhainn. D'iarr Seribhís Dóiteáin na hUaimhe ar mhaoiniú le haghaidh foirgneamh oifige.

Beartais

Is é beartas na Comhairle:

BEA SÓIS 48	A chinntiú go bhfreastalaíonn Seribhís Dóiteáin nua-aimseartha agus éifeachtach ar phobail ar bhealach leordhóthanach.
BEA SÓIS 49	Éascaíocht a dhéanamh ar áiseanna seirbhíse dóiteáin a lonnú in áiteanna a chumasaíonn so-rochtaineacht agus feidhmiú sábháilte maidir leis an ngréasán bóithre.
BEA SÓIS 50	Éascaíocht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean 'Plean Oibriúcháin um an tSeribhís Dóiteáin 2015-2019', nó mar atá athbhreithnithe ar bhealach eile.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS SÓIS 22	Tacú le stáisiúin dóiteáin a uasghrádú agus a shíneadh de réir mar is cuí, lena n-áirítear Dún Seachlainn, An Seanchaisleán, An Obair agus An Uaimh, chun freastal ar riachtanais an Chontae.
-------------	-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

7.7.12 Áiseanna Ealaíon agus Cultúir

Ní hamháin go gcuireann áiseanna ealaíon agus cultúrtha le cáilíocht ealaíonta, shóisialta agus cáilíocht beatha ghinearálta na bpobal, ach cuireann siad go suntasach le geilleagar an Chontae trí chuariteoirí, infheistíocht agus cruthú post a mhealladh. Tá áiseanna ealaíon agus cultúrtha fadréimseach, agus áirítear leis ionaid ealaíon, músaem, amharclanna, dánlanna, ionaid phobail, ionaid cheoil agus spás stiúideo agus oibre. Féadfaidh leabharlann a bheith ina n-ionaid ealaíon agus cultúrtha chomh maith.

Is earnáil an-bhríomhar í an earnáil ealaíon sa Mhí, agus cuimsíonn sé réimse leathan daoine, áiteanna agus gníomhaíochtaí. Tá buíon suntasach tallainne agus fiontair ealaíonta sa chontae. Déanann an Chomhairle, lena hOifig Ealaíon, iarracht saol cultúrtha an Chontae a fhorbairt a thuilleadh agus a chur chun cinn agus méadú a chur ar inrochtaineacht ar áiseanna ealaíon agus cultúir i measc lucht spéise, rannpháirtithe agus cleachtóirí. Aithnítear ceithre Thosaíocht Straitéiseacha i bPlean Forbartha Ealaíon an Chontae 2019-2024, agus tá sraith áirithe Spriocanna agus Gníomhartha le baint amach le linn shaolré an Phlean. Léirítear na ceithre Thosaíocht Straitéiseacha sin agus na spriocanna agus gníomhartha faoi gach ceann sa Phlean Forbartha Contae, agus tagairt ar leith do; Tosaíocht Straitéiseach 1 – *Ealaíontóirí agus Cruthaitheoirí a Chothú agus Tacaíocht a Thabhairt Dóibh* agus Tosaíocht Straitéiseach 2 – *Feabhas a Chur ar ár mBonneagar Cultúir agus Cruthaitheachta Áitiúil*, a phléann le tacaíocht d'áiseanna ealaíon agus cultúir sa chontae sa lá atá inniu ann agus amach anseo.

Is é Ionad Ealaíon Solstice san Uaimh an t-aon ionad ealaíon ildisciplíneach amháin. Lena chlár, déanann Solstice iarracht daoine a spreagadh, siamsaíocht a dhéanamh do dhaoine, daoine a chur faoi gheasa, dúshlán a chur rompu agus nasc a dhéanamh leo. Cuireann an t-ionad mol ar fáil le

haghaidh gníomhaíocht chultúir agus ealaíon. Chomh maith le hamharclann, ceol, damhsa, coiméide agus amharcealaíona, éascaíonn Solstice ceardlanna agus léachtaí chun freastal ar gach leas.

Faoi láthair, tá an Chomhairle ag déanamh scrúdú ar an acmhainneacht a bhaineann leis an Leabharlann Contae agus Ionad Ealaíon Solstice a thabhairt le chéile agus a fhorbairt ina gCeathrú Chultúrtha. Má dhéantar í a fhorbairt, beidh an tIonad Ealaíon Solstice agus Leabharlann Contae ina spás ilúsáide agus ceannscríbe. Fuair an Chomhairle maoiniú Athnuachana Uirbí chun Máistirphlean a ullmhú d'iarcheanncheathrú Chomhairle Contae na Mí. Fuarthas maoiniú chomh maith chun plean caomhnaithe a ullmhú maidir le Seanscoil Chlasaiceach Phádraig a athchóiriú lena húsáid mar Chartlann Contae, ionad taighde ginealais agus spás feidhmíochta agus staidéir. Cuireadh síos ar sheanscoil chlasaiceach Phádraig mar cheann de na píosaí ailtireachta stairiúla is neamghnáiche sa Tír. Seanscoil scoite ag a bhfuil seacht mbá agus atá ar dhá hurlár atá san fhoirgneamh ó c. 1840 agus plean éilipseach, tacaí claonta aige chomh maith le nideoga clasaiceacha, cúrsa sceimhle de bhraic adhmaid phéireáilte agus saisfhuinneoga trípháirteacha a iompaíodh go monarcha troscáin c. 1975. Ní raibh an foirgneamh á úsáid ar feadh roinnt ama agus cuirfidh a athnuachan agus a athúsáid mar ionad an Chartlann Contae go mór leis an gCeathrú Chultúrtha.

Tá an Chomhairle ag déanamh scrúdú ar dheiseanna agus pleannanna maidir le háiseanna/moil bhreise cultúir ar fud an chontae, lena n-áirítear:

- Tionscadal Amharclainne Bhaile Átha Troim - pleannanna chun Leabharlann Bhaile Átha Troim a fhorbairt leis an séipéal in aice láimhe chun spás amharclainne pobail a chruthú agus Leabharlann Bhaile Átha Troim a leathnú.
- Tionscadal Cruthaitheachta Comhforbartha Áite Cheanannais, lena n-áirítear Mol Turasóireachta agus Cultúir Cheanannais ag an Teach na Cúirte Cheanannais; Clóllann Cheanannais; Pictiúrlann Shéipéal an Chlochair agus Stiúideonna Ealaíontóirí an Chlochair.
- Spás ealaíon pobail ilúsáide Theach na Cúirte Dhún Seachlainn.
- Forbairt Theachíní Bhaile Shláine – pleannanna chun scrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht a bhaineann le tearmann scríbhneora a fhorbairt a úsáideann na teachíní atá ann.

Déantar soláthar do Phlean Forbartha Ealaíona an Chontae 2019-2024 d'fhorbairt leanúnach na seirbhíse ealaíon atá cuimsitheach, inrochtana agus inbhuanaithe do phobail an Chontae. Agus é sin á dhéanamh, leagann an Plean Ealaíon béim ar thimpeallacht inbhuanaithe a chruthú agus áiseanna cuí a chur ar fáil chun saothair a fhorbairt, a chruthú, a tháirgadh, a chur i láthair agus a chur ar taispeáint. Tá sé beartaithe roinnt mol Cruthaitheachta/Cultúrtha a fhorbairt sa chontae. Dá bharr sin, agus mar gheall ar chúnamh ó áiseanna reatha feabhsaithe, cuirfear fócas ar fáil le haghaidh tionscnaimh áitiúla, phroifisiúnta, amaitéarachta agus ealaíona pobail. Beidh tairbhí cruthaitheachta agus eacnamaíocha ann dá bharr chomh maith. Cuirfidh sé bunáit sheasmhach ar fáil freisin ar mhaithe le saothar ealaíonta ardchaighdeán agus spás le haghaidh plé maidir leis sin.

Chomh maith leis sin, tacóidh na 'Moil' le cur i bhfeidhm Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta na Mí 2018-2022 agus an clár náisiúnta Éire Ildánach, mar beidh siad ag teacht le chéile le prionsabail oibriúcháin an chomhoibrithe agus cumarsáide, cumhachtaithe pobail agus idirnáisiúnaithe.

7.7.12.1 Ealaín Phoiblí

Féadfaidh ealaín phoiblí cabhrú le braistint áite a fhorbairt agus soláthraíonn sí féiniúlacht agus carachtar atá dearscnaitheach agus uathúil do phobal. Leanfaidh an Chomhairle de Scéimeanna

Céatadáin do na hEalaíona a aithint agus a chur i bhfeidhm lena gceangal le tionscadail chaipitil, de réir mar is cuí, agus leanfaidh sí de raon na gcoimisiún a leathnú chun éagsúlacht disciplíní ealaíon a chur san áireamh.

Leanfaidh an Chomhairle de Scéim Ealaíne Poiblí na bhForbróirí Príobháideacha a chur i bhfeidhm freisin trí mhéan an phróisis phleanála agus i gcomhairle leis an Oifig Ealaíon. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach Caibidil 11 Caighdeáin Bainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún.

Beartais

Tá sé mar bheartas ag Comhairle Contae na Mí:

BEA SÓIS 51	Leanúint d'aitheantas a thabhairt do thábhacht na nEalaíon maidir le forbairt phearsanta, forbairt pobal, forbairt eacnamaíocht agus turasóireacht agus dianiarracht a dhéanamh deiseanna a chruthú i ngach ceann de na réimsí sin.
BEA SÓIS 52	Leanúint de réimse agus caighdeán an tsoláthair bonneagair ealaíon sa Chontae a fheabhsú, agus tacú le forbairt leanúnach an bhonneagair chultúir ar fud an Chontae, ach go háirithe sna ceantair sin den Chontae dar aithníodh soláthar den chineál sin mar áisitheoir fáis in earnáil na dtionscal ealaíon.
BEA SÓIS 53	Tacú le forbairt, soláthar agus inbhuanaitheacht an bhonneagair ealaíon agus chultúir, m. sh. féilte, ag áiteanna oiriúnacha ar fud an Chontae agus, más cuí, i gcomhar le leabharlanna.
BEA SÓIS 54	Soláthar na healaíne poiblí a chur chun cinn, lena n-áirítear ealaín shealadach agus dealbhóireacht, trí mheicníochtaí den chineál sin más cuí.
BEA SÓIS 55	Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt maidir le saothair ealaíne a chruthú agus a chur ar taispeánt i spásanna poiblí, lena n-áirítear suíomhanna oiriúnacha laistigh den tsráid-dreach, ar an gcoinníoll nach gcruthaítear aon fhadhbanna inghlactha ó thaobh an chomhshaoil, na taitneamhachta, tráchta nó fadhbanna eile.
BEA SÓIS 56	Plean Forbartha Ealaíon an Chontae 2019-2024 a chur i bhfeidhm agus, ar an mbealach sin, luach agus cúnamh eacnamaíoch na n-áiseanna ealaíon agus cultúir sa Chontae a aithint.

Cuspóir

Tá sé mar chuspóir ag Comhairle Contae na Mí:

CUS SÓIS 23	Scrúdú a dhéanamh ar bhearta chun feabhas a chur ar an tairiscint Ealaíon agus Chultúir a chuireann luach eacnamaíoch ar leith ar fáil, agus iad a chur chun cinn, i gcomhar leis an Oifig Ealaíon.
-------------	-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

- CUS SÓIS 24 Tacú le agus iarracht a dhéanamh maoiniú breise a fháil chun Seanscoil Chlasaiceach Phádraig a athchóiriú lena húsáid mar Chartlann Contae, ionad taighde ginealais agus spás feidhmíochta agus staidéir.
- CUS SÓIS 25 Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt chun Moil Chruthaitheachta a fhorbairt ar fud an Chontae, ach go háirithe Tionscadal Cruthaitheachta Comhforbartha Áite Cheannais; Amharclann agus Leabharlann Phobail Bhaile Átha Troim; Spás Ealaíon Pobail Theach na Cúirte Dhún Seachlainn agus iarracht a dhéanamh maoiniú breise a fháil dó sin.
- CUS SÓIS 26 Leanúint de scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna chun tearmann scríbhneora a chur ar fáil i mBaile Shláine.
- CUS SÓIS 27 Saothair ealaíne poiblí a ionchorprú sa scéim fhoriomlán um mhórfhorbairtí fostaíocht agus cónaithe nua sa Chontae chun taitneamhacht na timpeallachta áitiúla a fheabhsú. (Féach freisin, le do thoil, Caibidil 11 Caighdeán Bainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún.)
- CUS SÓIS 28 Iarraidh forbairt a dhéanamh ar an rath agus tacaíocht atá ann de bharr an earnáil scannánaíochta agus closamhairc a chruinniú i gceantair Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantain agus tacú le hoiliúint a thabhairt d'óibrithe scannáin agus criú ar fud an Réigiúin, chomh maith le leas a bhainte as deiseanna don tionscal taobh amuigh de na lárionaid sin.